




CLAOCHLAIGH




TREISIGH



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & CUNTAIS 2021



MÉADAIGH



Chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

I gcomhréir leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, cuireann Fiontraíocht Éireann faoi iamh leis seo a tuarascáil agus a cuid cuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.



Leo Clancy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Terence O'Rourke

Cathaoirleach

Íomhá ar an gclúdach tosaigh:

Tá iarratais oscailte don 14ú timthriall den chlár Going for Growth d'fhiontraíthe ban, arna thacú ag Fiontraíocht Éireann agus KPMG.

Leo Clancy, Fiontraíocht Éireann; Olivia Lynch, KPMG; Jeananne O'Brien, Artizan Food Co. agus Anne Cusack, Critical Healthcare roimhe seo.

Faoi Fhiontraíocht Éireann

Ár Misean

Forbairt cuideachtaí Éireannacha den chéad scoth a luathú chun ardseasmh a bhaint amach i margaí domhanda.

Ár bhFís 2030

Fiontair Éireannacha ag cruthú réiteach ar dhúshláin dhomhanda, ag cur rathúnas inbhuanaithe ar fáil ar fud na hÉireann.

Táimid ag obair le cliaint trí líonra comhairleoirí margaidh agus earnála bunaithe ar:



10

n-lonad in Éirinn



40

lonad ar fud an Domhain

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí uailmhianacha Éireannacha de gach aon mhéid chun scála níos mó a bhaint amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Fiontraíocht a chothú agus a fhorbairt
- Cur le leibhéil nuála
- Cur le forbairt ceannaireachta
- Iomaíochas a fheabhsú

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cliaint dlús a chur leis an bhfás ar easpórtáil dhomhanda agus gníomhaíocht a dhaingniú sa RA trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tionchar ár mbonn cliant a mhéadú ar fud an domhain
- Easpórtálacha chuig limistéar an Euro a mhéadú
- Easpórtálacha chuig an RA a dhaingniú
- Deiseanna margaidh agus earnála na todhchaí a fhorbairt

Tá sainchúram speisialta againn:

- Oibriú i gcomhar leis an líonra de 31 Oifig Fiontair Áitiúil trínár Lárionad Feabhais chun tacú le gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí
- Infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE) sa tionscal bia a mhealladh go hÉireann
- Éire a chur chun cinn thar lear mar an rogha-áit chun staidéar a dhéanamh thar lear don ardoideachas

Clár na nÁbhar

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF	5	Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh	41
Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh	8	Ráiteas faoin Staid Airgeadais	42
Dáileadh Cistí 2021	23	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	43
Rialachas Corparáideach	25	Polasaithe Cuntasaíochta	44
Bord Fhiontraíocht Éireann 2021	29	Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	44
Ráitis Airgeadais		Líonra Oifigí Fhiontraíocht Éireann	71
Tuirisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	33		
Ráiteas Rialachais agus Tuirisc na gComhaltaí Boird	36		
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	38		
Ráiteas ar Ioncam agus Cúlchistí Coinnithe	40		

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

Is léir gur bliain an-rathúil í 2021 do ghnólachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann, in ainneoin dhúshláin na paidéime, an bhoilscithe agus chur isteach ar an slabhra soláthair domhanda. In 2021, bhí easpórtálacha de €27.292bn ag na cuideachtaí a dtugaimid tacaíocht dóibh, méadú de 12% bliain i ndiaidh bliana. Is é seo an leibhéal fáis is mó riamh i luach easpórtála, agus tharla méaduithe thar na hearnálacha go léir beagnach. D'fhás easpórtálacha thar gach críoch, an RA ag méadú faoi 15% agus limistéar an Euro ag méadú faoi 10%.

I dtéarmaí foriomlána gnó, bhí feidhmíocht láidir ag cuideachtaí Éireannacha anuraidh, le díolacháin iomlána (intíre agus easpórtálacha) ag €51.766bn, méadú de 12%. Ina theannta sin, mhéadaigh cuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann glanmhéid na bpost cruthaithe in 2021 faoi 11,911, an méid post is mó riamh a gnóthaíodh in aon bhliain amháin.

I bhfianaise na dtimpeallachtaí atá ag teacht chun cinn go tapa agus ina bhfuil fiontair ag feidhmiú, tá tábhacht ann níos mó ná riamh tacaíocht a thabhairt d'uailmhian fiontraithe Éireannacha agus a bhfoirne, toisc gurb bunchloch ár ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta iad a sprid agus a dtreallús. Agus leis na torthaí ó 2021 ina n-ábhar dóchais, tá a ngastacht cruthaithe go rathúil acu.

Gnólachtaí Nuathionscanta

Agus tacaíocht á tabhairt do chuideachtaí ar a dturas fáis, tugtar tacaíocht do gheilleagair áitiúla agus náisiúnta freisin. Sin an fáth go bhfuil Fiontraíocht Éireann tar éis níos mó ná €28 milliún a infheistiú i ngnólachtaí nuathionscanta Éireannacha agus tar éis tacú le 125 gnólacht nuathionscanta in 2021.

Agus na cúinsí deacra sna blianta beaga seo á gcur san áireamh, léirigh an cohórt fiontraithe seo acmhainneacht den scoth. Tugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht d'fhiontraithe nuálacha ag céimeanna éagsúla dá n-aistear fáis agus iad ag oibriú chun gnólachtaí den scoth a thógáil.

I measc na dtacaíochtaí a chuireamar ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha in 2021 bhí na cinn seo a leanas;

- Ceadaíodh maoiniú d'os cionn €18m do 82 Gnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne (GNAnna), agus ba ghnólachtaí le mná mar cheannairí orthu 24 díobh
- D'eascair 12 de na 82 GNA seo ó thaighde acadúil
- Ceadaíodh os cionn €2m ar son 43 cuideachta faoin gCiste do Thús Iomaíoch, 16 díobh le mná mar cheannairí orthu

Torthaí Dheireadh na Bliana

Bhí áthas orainn a fhógairt níos luaithe sa bhliain gur mhéadaigh glanmhéid na bpost a cruthaíodh i gcuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann faoi 11,911 in 2021, an méadú bliantúil is mó riamh. Cruthaíodh na poist thar roinnt earnálacha agus, rud atá tábhachtach dúinn, bhí fás thar gach réigiún agus níos mó ná dhá thrían (68%) de na poist sin lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Is é an líon iomlán fostaíochta a sholáthair cuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann in 2021 ná 207,894. Agus, mar chuid dár straitéis nua, teastaíonn uainn 45,000 post nua breise a chruthú faoi 2024.

I measc na mbuntacaíochtaí eile arna soláthar ag Fiontraíocht Éireann in 2021 bhí na cinn seo a leanas;

- I rith na bliana 2021 ceadaíodh €61m de thacaíochtaí maidir le Covid d'os cionn 350 cuideachta faoin gCiste um Fhiontraíocht a Chothú, an Ciste Scoir Formheasta agus Deontais Pleanála Airgeadais do Ghnó
- Cheadaigh 308 cuideachta maoiniú de níos mó ná €100,000 chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail eile in 2021

Maoiniú & Infheistiú

Bhí Fiontraíocht Éireann i gceannas ar an tríú gairm don Scéim Caipitil Síil agus Fiontair (CSF) dar luach €175m anuraidh, le béim á cur ar na cistí atá bainistithe ó thaobh na tráchtála de agus a dhíríonn ar na céimeanna Réamh-shíl, Síil agus Shraith A/A+, i spriocearnálacha tábhachtacha amhail an TFC, na heolaíochtaí beatha agus an tionscal.

Is é cuspóir foriomlán Scéim CSF ná an caipiteal riosca atá ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta a mhéadú chun tacú le fás eacnamaíoch. Déanfar é seo trí fhorbairt leanúnach thionscal CSF in Éirinn chun earnáil níos láidre, níos inbharthana ó thaobh na tráchtála de agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Agus anuraidh, rinne Fiontraíocht Éireann €69m a infheistiú i gcistí caipitil fiontair/cistí cothromais phríobháidigh.

In 2021, bhí dúnadh tosaigh ag roinnt cistí a dtugamar tiomantas dóibh, agus lean cistí breise iad in 2022.

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF AR LEAN

Rinne Fiontraíocht Éireann an méid seo a leanas a infheistiú:

- €15m in Redesdale Food Limited Partnership, ciste a chuireann béim ar infheistiú a dhéanamh i dtodhchaí gnólachtaí bia, deochanna agus cothaithe.
- €15m in Delta Equity Fund IV Limited Partnership, ciste a dhéanfaidh infheistiú i ngnólachtaí teicneolaíochta in Éirinn atá sa chéim síl agus sa luath-chéim.

Chomh maith leis sin, rinneadh breis is €15m a infheistiú in 47 conradh i gcuideachtaí nuathionscanta agus céime luaithe in Éirinn, trí ghníomhaíochtaí Halo Business Angel Network (HBAN).

Cumhachtú a mhéadú

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cliant dlús a chur leis an bhfás ar easpórtáil dhomhanda agus a dtionchar agus a gcumhacht a mhéadú i margaí nua. Oibrímid go díreach le cliant trí chomhairleoirí margaidh agus earnála lonnaithe i 10 suíomh trasna na hÉireann agus inár líonra de 40 oifig idirnáisiúnta ar fud an domhain.

In 2021, bhí díolacháin easpórtála de €27.292bn ag cuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann.

Ba iad seo a leanas buntorthaí na gcliant;

- 1,384 conradh nua gnóthaithe thar lear le cúnamh Fhiontraíocht Éireann
- 480 láithreachta nua thar lear curtha ar bun ag cuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann
- 6,035 cruinniú cliant ceannaitheoirí (cruinnithe fíorúla san áireamh)

Mná i gCúrsaí Gnó

Aithníonn Fiontraíocht Éireann go mbeidh rath eacnamaíoch na hÉireann bunaithe ar na scileanna agus na buanna go léir atá againn a bharrfheabhsú ach rannpháirtíocht na mban i bhfiontraíocht agus i gceannasaíocht ghnó a mhéadú.

In 2011, ní raibh ach 7% de GNAnna le bean ar an mbunfhoireann. In 2021, bhí beagnach 30% de GNAnna agus 27% de CTInna arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann le bean ina ceannaire orthu.

I mí Mheán Fómhair seo caite, chuir Fiontraíocht Éireann sruth de mhaoiniú tiomnaithe ar luach €1m ar fáil d'fhiontraithe ban mar chuid dár ngairm Ciste do Thús lomaíoch. Agus, i mí na Samhna seo caite sheolamar 'The Level Project', dírithe ar chabhair a thabhairt do ghnólachtaí foirne ceannaireachta atá cothrom ó thaobh inscne de a fhorbairt.

OFÁnna

Trínár nlonad Feabhais, agus i gcomhpháirt le húdarais áitiúla i ngach contae, thugamar tacaíocht do na 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) mar an chéad acmhainn do shainchomhairle, faisnéis agus tacaíochtaí praiticiúla.

In 2021, d'éirigh le hOFÁnna príomhthacaíochtaí a sholáthar don líon is mó gnólachtaí beaga riamh, rud a chabhraigh leo dul i ngleic le paindéim COVID-19 agus le deireadh idirthréimhse Brexit. I measc na dtacaíochtaí sin, bhí os cionn €24m mar chúnamh airgeadais díreach a ceadaíodh do 1,088 tionscadal gnó, agus bhí os cionn 35,729 duine fostaithe ag cliant-chuideachtaí OFÁ in 2021.

Taighde & Nuálaíocht

In ainneoin margaí domhanda achrannacha agus luas luathaithe an athraithe, is í an nuálaíocht eochair an iomaíochais leanúnaigh agus na táirgiúlachta feabhsaithe i gcuideachtaí Éireannacha.

In 2021, chaith cuideachtaí Éireannacha €1.36bn ar R&F, méadú ó €1.12bn in 2020. Léiríonn sé seo deimhniú an-suntasach den bhrú chun nuáil a dhéanamh agus difreáil a fhás i margaí domhanda.

Is í eochair rath na ngnólachtaí nuathionscanta agus na bhfiontar in Éirinn ná an cultúr agus an t-éiceachóras láidir comhoibríoch atá in Éirinn i measc institiúidí acadúla, infheisteoirí, tionscail, T&F agus polasaí phoiblí. Tá ról lárnach ag an Rannán um Thaighde agus Nuáil de chuid Fhiontraíocht Éireann i dtacaíocht a thabhairt don chóras nuálaíochta náisiúnta, rud a dhéantar trí thráchtálú an taighde agus na nuálaíochta idir tionscal na hÉireann agus institiúidí tríú leibhéal a spreagadh.

Is bealach suntasach iad mac-chuideachtaí chun an nuálaíocht a bhaint amach; déanann na cuideachtaí sin teicneolaíocht cheannródaíoch agus maoin intleachtúil a fhorbairt agus cruthaíonn siad poist nua d'ardluach. In 2021 tháinig 32 mac-chuideachta nua as an gcóras taighde.

An aidhm atá le Clár an Chiste Tráchtálaithe atá ag Fiontraíocht Éireann ná go bhfaightear réidh leis na rioscaí a bhaineann le taighde sa chaoi gur féidir é a thráchtálú mar tháirgí, seirbhísí agus/nó cuideachtaí nua. Anuraidh, ceadaíodh 41 tionscadal taighde faoin gCiste seo.

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF AR LEAN

Dearcadh

Agus sinn ag teacht chun cinn sa ré nua seo, tá an domhan féin ina thírdhreach dinimiciúil síorathraitheach.

Tá míshocracht i gceist do ghnólachtaí de dheasca an chogaidh atá ar siúl go fóill san Úcráin agus de dheasca shraith dúshlán féideartha eile, chomh maith le dúshlán dhomhanda eile atá ann go fóill, amhail an t-athrú aeráide agus an digitiú.

Tá cúiseanna imní láithreach eile i gceist freisin le geilleagar an domhain agus na hÉireann a bhaineann le boillsciú, na scileanna atá ar fáil agus an caidreamh trádála atá tar éis athrú leis an RA, cúiseanna ar féidir leo tionchar a imirt ar iomaíochas an bhoinn fhiontair in Éirinn. Déantar na nithe seo níos measa fós ar ghnólachtaí leis an achrann atá ann go fóill i margaí airgeadais domhanda, rud a chuireann isteach ar luachálacha agus ar mhaoiniú.

Tugann torthaí láidre na ngnólachtaí Éireannacha in 2021 agus an éagsúlacht atá i gceist leis an mbéim ar an earnáil, bonn an-láidir dúinn bheith muiníneach i gcumas ár ngnólachtaí dúshlán a sheasamh agus leanúint ag fás.

Ár gCuspóirí do 2022

I rith na bliana 2021, d'fhorbraíomar straitéis chorparáideach nua 'Leading in a Changing World (2022-2024)', straitéis a chuirfidh bonn faoi obair na tréimhse seo agus a chinnteoidh go gcabhraítear le ghnólachtaí de gach méid forbairt ó ghnólacht nuathionscanta go ghnólacht atá ag fás.

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí fás agus a n-uailmhianta agus a gcuspóirí a bhaint amach, táimid tar éis cúig chuspóir straitéiseacha agus roinnt spriocanna a leagan amach, iad seo a leanas san áireamh;

- cruthófar +45,000 post nua faoin mbliain 2024, dhá thrian díobh sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
- €30bn d'easpórtálacha faoi 2024, le níos mó ná 70% d'easpórtálacha lasmuigh den RA
- Tá dul chun cinn déanta ag earnáil na fiontraíochta chun an sprioc laghdú de 29-41% in astaíochtaí faoi 2030 a bhaint amach
- Sroichfidh caiteachas fiontraíochta ar T&F €1.4bn faoi 2024.

Is de bharr na seasmhachta, an mhórchumais agus an mhisnigh a thaispeáin fiontraíthe Éireannacha go bhfuil na torthaí iontacha seo againn, agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo. Chomh maith leis sin, taispeánann na torthaí dearfacha seo díograis fhoireann fuinniúil dícheallach Fhiontraíocht Éireann anseo in Éireann, agus inár líonra de 40 oifig ar fud an domhain.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil freisin le Bord Fhiontraíocht Éireann as a chuid tacaíochta leanúnaí le bliain anuas. Agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Leo Varadkar TD, agus a chomhghleacaithe aire Damien English TD agus Robert Troy TD, as a dtacaíocht leanúnach ar mhaith le fiontraíocht na hÉireann.

Is údar mór misnigh iad na torthaí dearfacha seo, agus táimid ag súil le tógáil orthu agus tacaíocht a thabhairt d'fiontraíthe Éireannacha chun leanúint de shárú ar leibhéal domhanda, agus sinn ag cur straitéis nua i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.




Terence O'Rourke
Terence O'Rourke
Cathaoirleach



Leo Clancy
Leo Clancy
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Easpórtálacha Ciant 2021

de réir Críche



Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Méadú ar Fhostaíocht de Réir Réigiúin 2021



207,894

fostaithe i gcliant-chuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann



68%

fostaíocht iomlán lasmuigh de Bhaile Átha Cliath




+11,911

de ghlanathrú ar fhostaíocht



20,342

post cruthaithe



Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (GNAnna)

In 2021 cheadaíomar 82 infheistíocht i nGnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (GNAnna) and 43 infheistíocht i gCistí do Thosú Iomaíoch (CTIInna), 45% a bhí lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Cheadaigh Fiontraíocht Éireann maoiniú de **€25m** chun cabhrú le cuideachtaí GNA a n-uailmhianta maidir le fás idirnáisiúnta a bhaint amach.

I measc na ngnólachtaí nuathionscanta in 2021 bhí:

- **40** gnólacht nuathionscanta le mná mar cheannairí orthu a fuair infheistíocht (**16** CTI and **24** GNA)
- **12** GNA a tráchtálaíodh i gcomhpháirt lenár n-institiúidí taighde tríú leibhéal
- **11** GNA eile a fuair maoiniú leantach infheistíochta de réir mar a d'fhás a ngnó



82

Gnólacht Nuathionscanta
Ardacmhainne
a fuair tacaíocht



43

Ciste do Thús
Iomaíoch (CTI) Nua



40

gnólacht nuathionscanta
le mná mar cheannairí
orthu (16 GNA agus
24 CTI)



12

Ghnólacht Nuathionscanta
Ardacmhainne ó thaighde
tríú leibhéal

Seóthaispeántas de Ghnólachtaí Nuathionscanta 2021 de chuid Fhiontraíocht Éireann

Kevin Sherry, Fiontraíocht Éireann; An Tánaiste Leo Varadkar agus Jennifer Melia, Fiontraíocht Éireann.

Start-Up
Showcase
2021

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Maoiniú agus Infheistíocht

Tá sé i gceist ag Fiontraíocht Éireann a chinntiú go mbíonn rochtain sásúil ar mhaoiniú ag ár gcliaint le dul ó neart go neart. Cheadaíomar maoiniú cothromais agus deontais ar mhaithe le méadú, nuáil, traenáil, fostaíocht agus forbairt acmhainne.

Rinneadh an tríú gairm le haghaidh léirithe spéise faoin Scéim **Caipitil Síl agus Fiontair in 2021 (2019-2024)** tríd an bhfoireann Seirbhísí Infheistíochta. Cuireadh béim ar chistí atá bainistithe ó thaobh na trádála de a dhíríonn ar na céimeanna Réamh-shíl, Síl agus Shraith A/A+, i spriocearnálacha de chuid Fhiontraíocht Éireann lena n-áirítear an TFC, na heolaíochtaí beatha agus an tionscal.

I rith 2021, bhí dúnadh tosaigh ag roinnt cistí a dtugamar tiomantas dóibh mar a leanas, agus lean cistí breise iad go luath in 2022:

- **€15m in Redesdale Food Limited Partnership**, ciste a chuireann béim ar infheistiú a dhéanamh i dtodhchaí gnólachtaí bia, deochanna agus cothaithe.
- **€15m in Delta Equity Fund IV Limited Partnership**, ciste a dhéanfaidh infheistiú i ngnólachtaí teicneolaíochta in Éirinn atá sa chéim síl agus sa luath-chéim.

Lena chois sin, chuir Fiontraíocht Éireann dáileadh de **€30m** ar fáil don **Síolchiste Nuálaíochta Éireannach (SNÉ)**. Tá an tionscnamh SNÉ ag lorg cistí caipitil fiontair atá dírithe ar an tráchtáil agus a dhíríonn ar na céimeanna forbartha Réamh-shíl agus Síl, thar gach earnáil arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann,

lena n-áirítear an TFC, na heolaíochtaí beatha agus an aeráid. Ghiairail an infheistíocht de €30m seo infheistíocht bhreise de €30m ón gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI). Bainisteoidh an CEI an infheistíocht de €60m seo agus, chomh maith leis sin, déanfaidh an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éireann (CISÉ) €30m sa bhreis a chomhinfeistiú le bunús beart i ndiaidh bearta. Cruthófar Ciste Cistí dar luach €90m leo seo ar mhaithe le cuideachtaí ag an gcéim síl agus ag an luathchéim dá bhforbairt.

Infheistíodh breis is **€15m i 47** conradh cuideachtaí nuathionscanta agus céime luaithe in Éirinn trí ghníomhaíochtaí Halo Business Angel Network (HBAN), lena n-áirítear LetsGetChecked, Vaultree agus Strike.



Seoladh Chiste Bia Redesdale:

An Tánaiste Leo Varadkar, Agnese Filippi, Coca-Cola, Nicola Nic Pháidín, Fiontraíocht Éireann and John Conroy, POF Redesdale Group

Tacaíocht don Earnáil Caipitil Fiontair in Éirinn

D'fhonn a chinntiú go mbíonn rochtain ar chaipiteal riosca trí Fhiontraíocht Éireann, tá rialtais i ndiaidh a chéile tar éis infheistiú san earnáil caipitil fiontair agus caipitil forbartha Éireannach le 27 bliain anuas.

- Faoi na Scéimeanna Caipitil Síil agus Fiontair agus Scéimeanna Caipitil Forbartha éagsúla go dtí seo, táimid tar éis tacú le 60 ciste, agus mar thoradh air seo táimid tiomanta do chistí ar luach iomlán de €3.3bn.
- In 2021 rinne Fiontraíocht Éireann €69m a infheistiú i gcistí caipitil fiontair/cistí cothromais phríobháidigh.
- In 2021 fuair Fiontraíocht Éireann tuairisceáin de €111m ón infheistiú i gcistí caipitil fiontair/cistí cothromais phríobháidigh.

Infheistíochtaí Cothromais Dhíreacha arna Sealbhú ag Fiontraíocht Éireann

Déanann Fiontraíocht Éireann infheistíocht i ngnóthais chun críocha fiontraíocht a fhorbairt agus poist a chruthú, agus is minic go ndéantar infheistíocht ag céim an-luath nuair is airde an phróifíl riosca. Nuair a dhéanaimid infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí forbartha, is í ár straitéis ná bun cothromais a thógáil mar mhalairt ar mhaoiniú.

- In 2021 rinneamar 680 infheistíocht nua i 603 cuideachta, ar luach iomlán de €83m. As sin, baineann €45m le réamhíocaíochtaí inaisíoctha faoin Scéim um Fhiontraíocht a Chothú i 348 cuideachta. Rinne infheisteoirí baile agus idirnáisiúnta an infheistíocht chéanna.
- Bliain láidir eile a bhí ann in 2021 d'ioncam infheistíochta arna ghineadh ag Rannóg Cothromais Fhiontraíocht Éireann, le €60.3m ó dhíolacháin scaireanna, ó fhuascailtí scaireanna agus ó dhíbhinní.
- Ag deireadh na bliana bhí 3,640 infheistíocht i dtimpeall 1,901 cliant-chuideachta i bPunann Infheistíochta Dírí Fhiontraíocht Éireann.

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh



Fógraíonn an tAire English oscailt Chistí do Thosú lomaíoch de chuid Fhiontraíocht Éireann dar luach €2 mhilliún do 'Gach Earnáil' agus 'Fiontraíthe Ban'

Jennifer Melia, Fiontraíocht Éireann; An tAire Damien English agus Katie Farrell, SQUID.

Réigiúin & Fiontraíocht

Tá tús áite straitéiseach i bhFiontraíocht Éireann ag spreagadh na forbartha fiontraíochta i ngach réigiún in Éirinn. Is í ár bhfís faoin straitéis Fuinnimh a Thabhairt do na Réigiúin ná a chinntiú go bhfásann gach réigiún chomh maith agus is féidir leis bunaithe ar a láidreachtaí agus cumais uathúla ó dhúchas, go gcothaíonn agus go gcruthaíonn gach réigiún poist réigiúnacha, agus go n-uasmhéadaíonn gach réigiún a n-ionchur aonair i bhfás eacnamaíoch agus i rathúnas náisiúnta.

Ba bhliain dearfach í 2021 maidir le poist réigiúnacha a chruthú agus taispeánann ár dtorthaí fás idir 4% agus 9% i bhfostaíocht i ngach réigiún, agus 68% de lániomlán na bpost arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

In 2021, seoladh scéim chistiúcháin bhreise - An Scéim Réigiúnach um Athrú Fiontair (SRAF) - le haghaidh tionscadal arna dtacú roimhe seo faoin gCiste Réigiúnach um Fhorbairt Fiontar agus an Ciste Teorann um Fhorbairt Fiontar. Leis an SRAF, gealladh €10m sa bhreis do 24 tionscadal réigiúnach agus pobalbhunaithe dírithe ar chabhair a thabhairt d'fhiontair dul i ngleic leis an tírdhreach eacnamaíoch atá ag athrú i gcónaí de dheasca Covid-19 agus an RA ag fágáil an AE, in éineacht le tionscadail a thacaíonn le digitiú agus a chuidíonn leis an athrú chuig geilleagar glas. Cabhróidh na hinfeistíochtaí seo lena háirithiú go leanfaidh fás agus forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha i ngach réigiún anois agus sa todhchaí.

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Oifigí Fiontair Áitiúla – Á dTabhairt i gCrích

Trínár nlonad Feabhais, agus i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla go náisiúnta, thugamar tacaíocht do na 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) mar an chéad acmhainn do shainchomhairle, comhairleacht agus tacaíochtaí do ghnólachtaí beaga atá ag iarraidh tosú amach agus fás.

In 2021 bhí ról lárnach ag an Oifig Fiontair Áitiúil maidir le gnólachtaí beaga a choimeád ag imeacht agus iad ag leanúint d'aghaidh a thabhairt ar Covid-19. Chabhraigh an Oifig leo tiontú ar dhul chun cinn nua agus tugadh tacaíocht do ghnólachtaí nua a d'eascair as an bpaindéim.

Feidhmíocht OFÁ in 2021:

- **35,729** duine fostaithe ag cliaint OFÁ
- **7,440** post nua cruthaithe ag **7,158** cliant-chuideachta, agus mar thoradh air sin bhí glanmhéadú de **2,999** post ann
- **€24,041,848** ceadaithe mar chúnamh airgeadais díreach do **1,088** tionscadal gnó
- Ceadaiódh **4,450** gnólacht beaga le haghaidh Trádála Dearbháin Ar Líne
- Cuireadh oiliúint ar **60,344** duine i gcláir a rith OFÁ agus **14,149** tasc meantóireachta curtha i gcrích.
- Chríochnaigh **5,854** duine clár Tosaigh do Ghnólacht Féin de chuid OFÁ i rith na bliana



Leo Clancy, POF Fhiontraíocht Éireann, An Tánaiste Leo Varadkar, Padraic McElwee, Cathaoirleach Líonra na nOifigí Fiontair Áitiúla agus AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Fhine Gall agus Cathaoirleach an Choiste Gnó CCMA

- D'fhoghlaim **449** cuideachta conas oibriú i slí níos cliste agus níos éifeachtúla le Lean for Micro
- D'aistrigh **114** cuideachta arna dtacú ag Oifig Fiontar Áitiúil go Fiontraíocht Éireann

Nuálaíocht

Tá ról ríthábhachtach ag Fiontraíocht Éireann sa chóras náisiúnta nuálaíochta atá ann chun cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta bunathraitheacha nua a chruthú.

- In 2021 tháinig 32 mac-chuideachta nua as an gcóras taighde. Is bealach suntasach iad mac-chuideachtaí chun an nuálaíocht a bhaint amach; déanann na cuideachtaí sin teicneolaíocht cheannródaíoch agus maoin intleachtúil a fhorbairt agus cruthaíonn siad poist nua d'ardluach.

- Le Clár an Chiste Tráchtálaithe atá ag Fiontraíocht Éireann faightear réidh leis na rioscaí a bhaineann le taighde sa chaoi gur féidir é a thráchtáil mar tháirgí, seirbhísí agus/nó cuideachtaí nua. In 2021 ceadaíodh 41 tionscadal taighde.
- Tharla Smaointe Móra 2021 i bhfoirm hibrídeach ar an 11 Samhain. Cuireadh 12 de na mac-chuideachtaí is mó a raibh gealladh fúthu agus a tháinig as an gcóras tríú leibhéal in 2021 i láthair ag an ócáid agus tacaíocht á tabhairt dóibh ag foireann speisialaithe tráchtálaithe de chuid Fhiontraíocht Éireann. As na 12 mhac-chuideachta a roghnaíodh bhí seacht díobh a raibh mná mar chomhbhunaitheoirí orthu, bhí baint ag trí chuideachta leis an gClár BioInnovate agus bhí baint ag comhbhunaitheoir an Chomhpháirtí Gnó de chuid Fhiontraíocht Éireann le ceithre chuideachta.

Buaiteoirí Dhámhachtainí Réimse Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann 2021 á bhfógairt ag an Aire English, i gcomhpháirt le Cumann Treabhdóireachta na hÉireann

Kevin Corley agus Jennifer Corley, EquiTrace; Anna May McHugh, Cumann Treabhdóireachta na hÉireann; An tAire Damien English agus James Maloney, Fiontraíocht Éireann.

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Tacaíocht Duine le Duine

Tacaíochtaí a thugann cabhair do chuideachtaí ar leith páirt a ghlacadh i dtaighde, forbairt agus nuáil

- **141** formheas TF&N os **cionn €50k** chuig cliant-chuideachtaí
- Chaith **1,080** cliant **€100k** nó níos mó ar thaighde agus forbairt (T&F) in **2021**
- Chaith **196** cliant €1m nó níos mó ar T&F in **2021**

Feidhmíocht T&F Ionchuideachta

Faoi thacaíocht T&F ionchuideachta rinneadh 123 deontas os cionn €50k a cheadú do chliant de chuid Fhiontraíocht Éireann, 56 díobh faoin gCiste Nuálaíochta 'Agile'. Is tacaíocht é an Ciste Nuálaíochta 'Agile' do ghníomhaíocht T&F i bhFiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus cliant OFÁ de gach méid.

Conarthaí de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis

Bhí luach €19m ar chonarthaí de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis (GES) in Éirinn in 2021; fuair 36 cuideachta Éireannach €15.8m den mhéid iomlán sin, 14 díobh a raibh

conarthaí acu leis an GES don chéad uair. Fágann sin go bhfuil líon iomlán de 90 cuideachta in Éirinn a bhfuil ag plé leis an GES. Príomhchlaonadh in 2021 ná an méadú suntasach a tháinig ar líon na gcuideachtaí nuathionscanta a ghnóthaigh conarthaí GES chun tacú lena straitéisí forbartha gnó.

Tairseacha Teicneolaíochta

Tá fás ag teacht fós bliain i ndiaidh bliana ar an méid oibre a dhéanann Tairseacha Teicneolaíochta dírithe ar an tionscal, in ainneoin thionchar Covid-19. Ó 2018 i leith, cuireadh os cionn 3,500 tionscadal i gcrích ar son 2,350 cuideachta faoin gclár reatha. In 2021 sheol Fiontraíocht Éireann an tríú agus an ceathrú gairm ar Chiste Trealamh Chaipitil chun a chur ar chumas na dTairseach sin leanúint de rochtain a thabhairt don tionscal ar threalamh agus bonneagar criticiúil ceannródaíoch. Cabhraíonn sé seo le cuideachtaí acmhainneacht a chothú agus a bheith iomaíoch i gcónaí ar leibhéal domhanda in ainneoin na ndúshlán tionsclaíochta. Bronnadh €12m le haghaidh 61 píosa trealamh ar na Tairseacha Teicneolaíochta agus ar na Lárionaid Teicneolaíochta, rud a mhéadaigh an líon iomlán infheistíochta i dTrealamh Caipitil le trí bliana anuas go €27.6milliún do 157 mír.



Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Tacaíochtaí Aon le Mórán

Ag cabhrú le grúpaí cuideachtaí obair le chéile ar lárionaid teicneolaíochta TF&N

Lárionaid Teicneolaíochta

Cuireann Lárionaid Teicneolaíochta ar chumas cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta infheistíochta díri eachtraí (IDE) obair le chéile ar thionscadail T&F straitéiseacha atá dírithe ar an margadh. Cuireann na lárionaid éiceachóras uathúil ar fáil maidir le comhar i réimsí a aithníonn tionscal mar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Faoi dheireadh na bliana 2021 bhí baint ag 569 cuideachta le 8 Lárionad Teicneolaíochta. In 2021, cheadaigh Fiontraíocht Éireann céim mhaoinithe nua le haghaidh dhá Lárionad Teicneolaíochta – Learnovate a sholáthraíonn saineolas ar thodhchaí na hoibre agus na foghlama chun cabhrú le heagraíochtaí eispéiris foghlama na bhfostaithe, na mac léinn agus na gcustaiméirí a athrú ó bhonn, agus Teicneolaíocht Feola na hÉireann a sholáthraíonn bunús taighde agus nuálaíochta d'earnáil phróiseáil na mairteola agus na caoireola in Éirinn.



1579

tionscadal comhoibríoch idir cuideachtaí agus taighdeoirí ardoideachais




417

Dearbhan Nuálaíochta fuascailte



59

cuideachta ar tugadh tacaíocht dóibh tríd an gClár Comhpháirtíochta Nuálaíochta, a raibh 28 díobh ina gcliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann.



499

tionscadal tionscal-mhaoinithe curtha i gcrích le Tairseacha Teicneolaíochta.

Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Lean Fiontraíocht Éireann de bheith ag riar an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) ar son na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, agus táthar ag súil go bhfógrófar torthaí Ghairm 4 i lár na bliana 2022. Dírionn an CNTB ar fhorbairt agus ar úsáid teicneolaíochtaí bunathraitheacha agus éascaíonn sé comhoibriú idir fiontair na hÉireann agus an córas taighde den scoth atá againn. Lean foireann CNTB Fhiontraíocht Éireann de bheith ag bainistiú punann de 72 tionscadal a cheadaíodh go dtí seo faoi Ghairmeach 1-3.

Tá Fiontraíocht Éireann mar cheannaire ar rannpháirtíocht rathúil na hÉireann i bhFís 2020, Clár AE um Thaighde, um Fhorbairt agus um Nuálaíocht

Seoladh Fís Eorpach, Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht dar luach €95.5bn de chuid an AE i ndiaidh Fhís 2020, i Márta 2021. Leanann Fiontraíocht Éireann ar aghaidh ag treorú agus ag comheagrú na Foirne Náisiúnta Tacaíochta de Thoscairí Náisiúnta agus Pointí Teagmhála Náisiúnta (PTNanna) na hÉireann ó Fhiontraíocht Éireann, comhghníomhaireachtaí agus ranna rialtais d'fhonn rannpháirtíocht agus rath na hÉireann i bhFís Eorpach a uasmhéadú. Faoi dheireadh na bliana 2021, bronnadh €1.2bn i ranníocaíocht ghlan an AE ó Fhís 2020 ar thaighdeoirí, cuideachtaí nuathionscanta, cuideachtaí i mbun fáis agus cuideachtaí bunaithe (fiontair bheaga agus mheánmhéide agus níos mó arís), agus bhí ráta ratha de 14.73% ann d'iarraitais. Is í Éire an 14ú tír is fearr le haghaidh rannpháirtíochta agus an 13ú tír is fearr maidir le sciar den bhuiséad.

Bronnadh thart ar 65% den mhaoiniú ar institiúidí ardoideachais agus fuair cuideachtaí príobháideacha 34% - claonadh a léiríonn go bhfuil rannpháirtíocht tionscail agus fiontar beag agus meánmhéide sna Cláir Réime ag méadú. Meastar go mbeidh torthaí deireanacha Fhís 2020 ar fáil in 2022. Rithfidh clár Fhís Eorpach go dtí 2027 agus beidh na trí phríomhphiléar seo a leanas ann: (1) barr feabhais san eolaíocht (2) dúshlán dhomhanda agus iomaíochas tionscail Eorpach, agus (3) Nuálaíocht na hEorpa. Tá na cúig Mhisean seo a leanas san áireamh

i bhFís Eorpach anois chomh maith - misean maidir le hailse; misean maidir le hoiriúnú d'athrú aeráide, bunathrú sochaíoch san áireamh; misean maidir le bheith neodrach ó thaobh na haeráide de agus maidir le cathracha cliste; misean maidir le sláinte ithreach agus bia; agus misean maidir le haigéin, farraigí, agus uiscí cósta agus intíre atá sláintiúil. Ag teacht le straitéis Fhiontraíocht Éireann, cuirfidh rath Fhís Eorpach sa todhchaí ar chumas ár gcliaint tógáil ar a gcumais reatha, méadú agus poist a chruthú.

Múnlú a dhéanamh ar chóras nuálaíochta Éireannach, a mhaoinítear go poiblí, chun freagairt don tionscal agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun an córas náisiúnta TF&N a oiriúnú do riachtanais an tionscail

Lean an tsraith seimineár gréasáin mhíosúil Unlocking Knowledge Transfer de chuig Knowledge Transfer Ireland (KTI) in 2021. Ba dheis áisiúil í déileáil le raon leathan geallsealbhóirí chun eolas a chur ar fáil ar gach gné de na tacaíochtaí agus den aistriú eolais atá ar fáil ar fud chóras T&F na hÉireann.

Sholáthair KTI a chéad fheachtas margaíochta idir Éireann agus an Bhreatain thar raidió agus chainéil dhigiteacha chun feasacht a mhéadú maidir leis na buntáistí a bhaineann le haistriú eolais agus na hacmhainní KTI atá ar fáil. D'fhás eolas i measc an lucht spéise gnó i ndiaidh an fheachtais ó 22% go 38% agus ba dhócha le 62% díobh sin a raibh aithne acu ar KTI go molfadís seirbhísí KTI.

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

An Tionscnamh um Aistriú na Teicneolaíochta a Threisiú

Chríochnaigh clár pólótach maidir le Sainchomhairleoireacht Bhainistithe (SB) an Tionscnaimh um Aistriú na Teicneolaíochta a Threisiú (TATT3) agus clár oiliúna pólótach Gnólachta Nuathionscanta (GN) ag deireadh na bliana 2021. Chuir an SB pólótach le bunú rathúil na n-aonad sainchomhairleoireachta bainistithe, a mhéadaigh raon na modhanna ar féidir le tionscal (agus eagraíochtaí eile) tairbhe a bhaint as rochtain ar an eolas agus saineolas bunaithe ar thaighde a mhaoinigh an Stát.

Agus an Taighde arna Mhaoiniú go Poiblí á Thráchtáil:

- Thugamar tacaíocht do theacht chun cinn **32** mac-chuideachta nua ó eagraíochtaí déanta taighde agus **12** Ghnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne ó thaighde.
- Thacaíomar le haistriú **177** teicneolaíocht a bhí luachmhar ó thaobh na trádála de go cuideachtaí in Éirinn.

An Rannán Forbartha Bainistíochta Cliant

Chuir Forbairt Bhainistíochta Cliant roinnt clár agus tacaíochtaí oiriúnaithe ar fáil a bhí dírithe ar chumais ceannaireachta agus straitéiseacha a fhás inár mbonn cliant, agus bhí os cionn 2,000 rannpháirtí ann ónár mbonn cliant. Ghlac 338 ceannaire sinsearach páirt i gcláir cheannasaíochta agus straitéise, amhail Leadership 4 Growth, Enter the Eurozone, Go Global 4 Growth

agus ár bhFóram do Bhunaitheoirí Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne. Tugadh tacaíocht do 1,475 bainisteoir eile agus ár gcláir ardranganna á ndéanamh acu, lena n-áirítear na cláir seo a leanas: Spotlight on Skills, Innovation Culture, Virtual Selling, Market Intelligence, Attracting & Retaining Talent, Customer Value Proposition agus Product Management.

Cuireadh 353 cuideachta nua, luath-chéime agus seanbhunaithe, le meantóir in 2021, mar chuid dár gclár líonra meantóirí. Fuair 6,500 úsáideoir nua rochtain ar eLearn, ardán foghlama digití de chuid Fhiontraíocht Éireann, in 2021. Leis an ardán ríomhfhoghlama sin, tugtar cabhair do chliant dul i ngleic le príomhdhúshláin maidir lena ngnólacht a fhorbairt go hidirnáisiúnta.

In éineacht le Spotlight on Skills, chuireamar cláir eile ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do lucht saothair agus pleanáil scileanna na gcliant-chuideachtaí. Rinne an rannóg Forbartha Bainistíochta Cliant (FBC) bainistíocht ar an gclár GradStart; thug sí tacaíocht do chliant-chuideachtaí a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras ar cheadanna oibre, agus bhí sí mar ionadaí d'Fhiontraíocht Éireann ar ghrúpaí stiúrtha scileanna náisiúnta agus réigiúnacha le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an fhoireann an ceathrú Treoir ar Thodhchaí na hOibre (Ag Teacht Trí Covid-19: Todhchaí na hOibre). In 2021, chríochnaigh 433 rannpháirtí san iomlán céim amháin nó níos mó de na trí Chéim atá sa chlár New Frontiers, clár náisiúnta fiontraíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann. I rith na bliana sin, cuireadh 26 clár chéim 1 agus 13 chlár Chéim 2 agus Chéim 3 ar siúl i gcomhpháirt le 15 Institiúid Teicneolaíochta/Ollscoil Teicneolaíochta.

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

IDC ón Tionscal Bia a mhealladh go hÉirinn

Cuspóir thar a bheith tábhachtach do Rannán Bia Fhiontraíocht Éireann ná forbairt a dhéanamh ar liosta d'ionchais IDE a chomhlánaíonn tionscal bia agus deochanna na hÉireann agus obair leis na cuideachtaí sin chun infheistíochtaí nua a chinntiú d'Éirinn. In 2021 bhí os cionn 11,000 duine fostaíthe trasna na tíre lenár gcliaint IDE Bia agus d'easpórtáil siad bia agus deochanna ar luach €3.5bn ó Éirinn. Leanaimid ag cur leis an bhfoinse thábhachtach fostaíochta sin; bímid ag obair ar fud an domhain chun aird a tharraingt ar bhuntáistí na hÉireann do chuideachtaí bia agus deochanna, lena n-áirítear ár gcumas amhábhair inbhuanaithe ardchaighdeán a tháirgeadh, ár gcóras nasctha taighde agus ár lucht saothair an-chumasach.

Oideachas in Éirinn

In ainneoin gurb í 2021 dara bliain na paindéime, bhain Institiúidí Ardoideachais Éireannacha an leibhéal is airde riamh de chúnamh ó mhic léinn idirnáisiúnta amach. Tá clú láidir ag institiúidí ardoideachais Éireannacha ar fud an domhain agus chuir sé seo ardán láidir ar fáil chun tacú le leibhéal an fháis sin ar fud an domhain. Ba bhliain fhíorúil eile í, le mórán den ghníomhaíocht earcaíochta á déanamh go digiteach agus tacaíocht á tabhairt di ag foirne áitiúla ionmhargaidh in institiúidí ardoideachais agus i bhFiontraíocht Éireann. Tharla 25 aonach agus tionscnamh oideachais fíorúil ar fud na Afraice, Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, Mheiriceá Thuaidh, Mheiriceá Laidineach, an Mheánoirthir agus margaí eile. Tá nádúr fíorúil na n-imeachtaí seo tar éis tionchar institiúidí ardoideachais na hÉireann a leathnú agus tá sé tar éis rochtain ar mhargaí nua a chur ar fáil dóibh.

In ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis an domhan fíorúil, d'fhás ioncam na n-institiúidí ardoideachas ó mhic léinn idirnáisiúnta go níos mó ná €500m, méadú de 11%. Tá nádúr an idirnáisiúnaithe d'institiúidí ardoideachais tar éis athrú as cuimse le dhá bhliain anuas. Eascraíonn dúshlán as seo ach, chomh maith leis sin, eascraíonn deiseanna as chun iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus modhanna nua chun a n-uaimhian a bhaint amach.

Tá an t-oideachas as Béarla, rud a dúnadh don chuid is mó do mhic léinn idirnáisiúnta go dtí Deireadh Fómhair 2021, ag teacht chuige féin anois, agus táthar ag súil go sroichfidh sé 50-60% de leibhéal 2019 in 2022. Tá éileamh folaigh ann agus an-chuid scoileanna ag tógáil áirithintí do thréimhse an tsamhraidh, agus is dócha go mbeidh áiteanna cónaithe mar chúinse sriantach i rith na bliana 2022.

Ag tacú le hIdirnáisiúnú na gCuideachtaí Éireannacha

- Díolacháin easpórtála de **€27.292bn** in 2021
- **€6.044bn** d'easpórtálacha chuig limistéar an Euro (22% d'Easpórtálacha) in 2021
- **1,384** conradh nua faighte thar lear le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann
- **480** láithreacht nua bunaithe thar lear ag cuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann
- **876** rannpháirtí in Ardrang Margaíochta Digití 2021
- Atosaíodh Misin Trádála Fhisiciúla i bhFómhar 2021. Tharla **sé** mhisean ionmhargaidh idir Meán Fómhair agus Nollaig 2021 sa RA, i Meiriceá Thuaidh, sa Mheánoirthir agus san Eoraip
- Le linn Sheachtain na Margaí Idirnáisiúnta 2021 de chuid Fhiontraíocht Éireann, bhuail níos mó ná **700** cuideachta le **140** comhairleoir margaídh ó 40 oifig thar lear in 1,600+ cruinniú ar leith a tharla go fíorúil



Cuairt thrádála Mheiriceá Thuaidh – Oscailt oifigiúil oifig de chuid Fhiontraíocht Éireann i Montreal, Ceanada

John Boylan, Ambasáid na hÉireann i gCeanada; An tAire Robert Troy, Lydia Rogers agus Sean Davis, Fiontraíocht Éireann.

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh



Bia

€12.911bn

+6%



Innealtóireacht

€1.818bn


+14%



Adhmad

€0.498bn

+46%



Teicneolaíochtaí Digiteacha

€1.531bn

+21%



Leictreonaic

€0.864bn

+15%



Oideachas

€0.557bn

+8%



Miondíol Tomhaltóirí

€1.090bn

+13%




An Tógáil

€2.890bn

+24%

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Dáileadh Cistí ag Fiontraíocht Éireann in 2021



€468m

Maoiniú d'Fhorbairt na Fiontraíochta

€12m

Oibríochtaí

€46m

Seirbhísí cliant - Lonnaithe in Éirinn

€90m

Cistí a cuireadh ar fáil do ghníomhaireachtaí tríú páirtí

€24m

Seirbhísí cliant - Thar Lear

Cistí a cuireadh ar fáil do Ghníomhaireachtaí Tríú Páirtí

1. Oifigí Fiontair Áitiúla
2. Údaráis Áitiúla (An Scéim um Chúnamh maidir le COVID do Ghnólaigh Beaga / Deontas Atosaithe)
3. Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann
4. Ionaid Nuálaíochta Ghnó
5. Údarás na Gaeltachta (An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú)

€60.1m

€21.5m

€4.6m

€2.2m


€1.8m

Iomlán €90.2m

Treisigh, Claochlaigh, Méadaigh

Miondealú ar Mhaoiniú do Chliant-chuideachtaí

De Réir Réigiúin




Áirítear leis: Deontais chun cumas tionsclaíochta a chistiú, chun taighde, forbairt agus nuáil a chistiú, agus tacaíocht ón gCiste Mairteola agus Caoireola.

Fághtar amach: Íocaíochtaí Ghorlanna Gnó Campais, íocaíochtaí an Chiste Síil agus Fiontair, an Ciste Réigiúnach um Fhorbairt Fiontar, an Tionscnamh Fiontar Pobail agus Ionaid Fiontar Pobail.

Costas in aghaidh an Phoist

Déantar an costas in aghaidh an poist a ríomh tríd an gcaiteachas gníomhaireachta go léir a caitheadh ar gach gnólacht sa tréimhse seo a chur san áireamh. Ní dhéantar ach poist arna gcruthú agus arna gcoimeád ag deireadh gach tréimhse seacht mbliana a chur san áireamh sna ríomhaireachtaí.



Foinse: An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Ríomhaireachtaí an chostais in aghaidh an jab

Rialachas Corparáideach

Is comhlacht corparáideach é Fiontraíocht Éireann arna bhunú ag an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998.

Mar chomhlacht reachtúil, tá pearsantacht dlíthiúil leithleach agus comharbas buan aige. Is iad comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann comhaltaí na gníomhaireachta.

Feidhmíonn an ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha Achtanna um Fhorbairt Tionscail 1986–2019, an Achta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, agus faoi choimirce an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige cistí a thabhairt don ghníomhaireacht chun a oibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha polasaí ginearálta a eisiúint; agus faisnéis a lorg ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta. I dteannta a cuid reachtaíocht cheannais féin, caithfidh an ghníomhaireacht cloí le réimse eile riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Caithfidh sí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, ach go háirithe, chun comhlíonadh na riachtanas sonracha seo a leanas a chinntiú:

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá an Bord tar éis an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a ghlacadh chuige féin agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht a fhorálacha a chinntiú. Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leith a chuirtear ar fáil gach bliain don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, gur comhlíonadh riachtanais aonair an Chóid.

Tá Fiontraíocht Éireann deimhnithe chuig Cód Cleachtais SWiFT 3000:2010 i gcomhair Measúnaithe an Rialaithe Chorporáidigh in Éirinn.

Treoirínte maidir le Measúnú agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil

Tá nósanna imeachta seanbhunaithe láidre ag Fiontraíocht Éireann chun measúnú agus bainistiúocht a dhéanamh ar thionscadail an chaiteachais chaipitil a eascraíonn as a clár deontas caipitil. Cloíonn na nósanna imeachta sin leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirínte.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise ina dhlí in 2014. Leis an Acht seo, tugtar ceart dlíthiúil do dhaoine aonair rochtain a fháil ar eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí sa mhéid is féidir é, agus chomh fada is atá sé i gcomhréir leis an leas poiblí agus an ceart chun príobháideachais. Tá tuilleadh eolais faoi chur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise ag Fiontraíocht Éireann le fáil ar ár suíomh gréasáin www.enterprise-ireland.com Gheobhaidh tú ansin freisin Scéim Foilseachán ina dtugtar eolas ginearálta agus eolas a iarrtar go coitianta faoi Fhiontraíocht Éireann de réir oibleagáidí na heagraíochta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe aici a chuimsíonn gach gné a théann i gcion ar leas na foirne agus leas cuairteoirí.



Sonraí	Líon	Luach €	Céatadán (%) den Uimhir
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	5785	33,475,935	99%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16 lá go 30 lá	49	194,203	1%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh lasmuigh de 30 lá	3	2,431	0%
Íocaíochtaí iomlána	5837	33,672,569	100%

An tréimhse a chlúdaítear: 01/01/2021-31/12/2021

Íoc Pras na gCuntas

Tá íocaíocht na sonrasc ag Fiontraíocht Éireann faoi réir ag an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012). Soláthraítear leis na rialacháin seo, a bhaineann leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon, teidlíocht as féin d'ús agus do chúiteamh má bhíonn moill ar íocaíocht idirbheart tráchtála (níos mó ná 30 lá ón dáta a fhaightear an sonrasc). Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus déantar gach iarracht, i gcomhréir le nósanna imeachta cuí airgeadais, a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí

laistigh den fhráma ama sin. Tá rialuithe i bhfeidhm chun ráthaíocht réasúnta, nach dearbhráthaíocht í, áfach, a chur ar fáil in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na rialúchán.

Íoc Pras na Soláthraithe

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do na hoibleagáidí a shásamh faoin Riail um Íocaíocht Phras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go bhfaighidh soláthraithe íocaíochtaí ar gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Déanann Fiontraíocht Éireann tuairisc gach ráithe ar fheidhmiú na Rialach um Íocaíocht Phras laistigh de 15 lá ar a suíomh gréasáin.

Léirítear sa tábla thuas feidhmíocht Fhiontraíocht Éireann maidir leis an íocaíocht 15 lá a bhí riachtanach i gcaitheamh 2021.

Cód na nÍocaíochtaí Prasa

Tá Fiontraíocht Éireann ina sínitheoir le Cód Iompair na nÍocaíochtaí Prasa.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Tugadh Fiontraíocht Éireann faoi raon feidhme na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de chuid Comhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí), 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir 2005. Tugann comhaltaí boird de chuid Fhiontraíocht Éireann ráitis leasa gach bliain don Rúnaí, agus tugadh cóipeanna díobh seo do Rúnaí an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Ina theannta sin, tá na rialacháin á gcomhlíonadh ag comhaltaí foirne Fhiontraíocht Éireann atá i bpoist ainmnithe.

Cosaint Sonraí

Tá Fiontraíocht Éireann cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá Fiontraíocht Éireann faoi réir ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018 agus ag an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 in Éirinn. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Oifigeach Cosanta Sonraí Fhiontraíocht Éireann, An Plaza, Páirc Gnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath D03 E5R6 nó GDPROnline@enterprise-ireland.com.

Polasaí Nochta maidir le hÍocaíochtaí agus Infheistíochtaí

Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann eolas a chur ar fáil faoi íocaíochtaí tacaíochta airgeadais a rinneadh le cuideachtaí cliaint. Tá tuarascáil ina liostaítear gach íocaíocht den saghas sin a rinne Fiontraíocht Éireann in aon bhliain ar leith ar fáil ach é a iarraidh tar éis don Tuarascáil Bhliantúil a bheith scaoilte.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta d'Fhiontraíocht Éireann in 2021.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do pholasaí comhionannais agus glacann sí cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann líon áirithe scéimeanna lena dtugtar don lucht foirne roghanna maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a shásamh, ar nós clár oideachasúla, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe agus sosanna gairme. Tá polasaí maidir le Cosaint Dhínit ag an Obair i bhfeidhm agus é curtha in iúl don fhoireann ar fad.

Coimisiún an Aontais Eorpaigh

In 2021, rinne Fiontraíocht Éireann raon clár a riar atá incháilithe do chómhaoiniú ó Chistí Struchtúracha an AE, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa san áireamh, ón gClár Oibriúcháin don Earnáil Tháirgiúil agus ó Chlár Oibriúcháin um Fhorbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna do na réigiúin Theas agus Thoir agus do réigiúin na Teorann.



Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann Fiontraíocht Éireann faoi choimirce Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a achtaíodh ar an 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a chruthú maidir le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

Cairt na gCliaint

Leagtar amach i gCairt na gCliaint ag Fiontraíocht Éireann an tiomantas atá againn do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus tá sé le fáil sa rannán 'Eolas Fúinn' d'ár suíomh idirlín.

Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta dá seacht ndícheall a dhéanamh chun bheith fuinneamh-éifeachtúil agus tá sí ag obair go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun sprioc an Rialtais, maidir le laghdú 50% ar úsáid fuinnimh a bhaint amach faoi 2030, a chomhlíonadh. Laghdaigh an ghníomhaireacht a húsáid fuinnimh níos mó ná **64% in 2021**, ón mbonnlíne a tomhaiseadh in 2009.

Glacann an ghníomhaireacht páirt freisin i gcreat-chomhaontuithe do sholáthar fóntas ar nós leictreachais agus gáis, faighte go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, dá hoifigí i mBaile Átha Cliath agus dá hoifigí réigiúnacha. Ó lúil 2015 i leith, is ceanglas é go dtaispeánfaí teastas fuinnimh i ngach foirgneamh poiblí os cionn 250 méadar cearnach in achar. Tá rátail reatha taispeánta teastais fuinnimh de C2 agus D1 ag foirgnimh cheannoifige Fhiontraíocht Éireann.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Is eagraíocht dhomhanda í Fiontraíocht Éireann agus cothaíonn agus cuireann sí luach ar éagsúlacht. Tá éagsúlacht, cuimsiú agus muintearas lárnach sa bhealach a oibrímid le chéile agus tugann ár luachanna tacaíocht dóibh.

I ndiaidh ár gclár feasachta um Éagsúlacht agus Cuimsiú (É&C), bhunaigh Fiontraíocht Éireann grúpa stiúrtha É&C atá tiomanta dá straitéis É&C a thacú agus a fhorbairt.



Leo Clancy,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Bord Fhiontraíocht Éireann 2021

Tá Bord Fhiontraíocht Éireann freagrach as straitéis agus polasaithe a leagan amach don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaí airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh an córas éifeachtach. Tá freagracht maoirsithe aige freisin as gníomhaíochtaí na heagraíochta. Tarmligeann sé an fhreagracht dá gcur i bhfeidhm don lucht bainistíochta agus do na fochoistí. Tá údarás reachtúil ag an mBord maoiniú suas leis na leibhéil atá leagtha amach sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 2019, agus san Acht um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, 1987, a cheadú, agus moltaí a thabhairt don Rialtas faoi chúnamh maoinithe os cionn na leibhéil sin. Tá údarás ag Bord Fhiontraíocht Éireann agus ag a choistí ábhartha deontais a thabhairt, iasachtaí a thabhairt, agus scaireanna (gnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta) a cheannach i gcliant-chuideachtaí.

De réir théarmaí an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, tá na feidhmeanna agus cumhachtaí ar fad forchoimeáda don Bhord, seachas iad sin a tharmligeann an Bord go foirmeálta. Leagtar síos na cumhachtaí tarmligthe sin ar

fad agus ceadáíonn an Bord iad go foirmeálta. Ina chuid gníomhaíochtaí féin agus ina úsáid d'fhochoistí, feidhmíonn an Bord ar son na bprionsabal rialachais chorparáidigh is fearr san earnáil phríobháideach. De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus de réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, bíonn ar chomhaltaí an Bhoird Ráiteas Leasa a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus don Rúnaí. Cloíonn Fiontraíocht Éireann go huile agus go hiomlán le polasaí an Rialtais maidir le pá na bpríomhfheidhmeannach agus pá daoine atá fostaithe i gcomhlachtaí stáit agus le treoirlínte an Rialtais ar íocaíocht táillí le comhaltaí Boird.

Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a ainmníonn na comhaltaí Boird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gach bliain, ar chomóradh bliana an Lae Bhunaídh, éiríonn an dá chomhalta (Seachas an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach), a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach, as oifig. Nuair a cheaptar na comhaltaí Boird nua, tugtar faisnéis mhionsonrach dóibh faoin ngníomhaireacht agus a hoibríochtaí. Fágтар faoin mBord é Rúnaí an Bhoird a cheapadh agus a chur as oifig. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar an Rúnaí, atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird.

Bord Fhiontraíocht Éireann amhail an 13 Aibreán 2022



Terence O'Rourke

(Cathaoirleach),
Iar-Chomhpháirtí
Bainistíochta, KPMG
Ceaptha: 1 Lúnasa 2013
Athcheapadh: 1 Lúnasa 2018



Leo Clancy

Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, Fiontraíocht
Éireann
Ceaptha: An 31 Bealtaine 2021



Dave Shanahan

Bunaitheoir agus
Príomhfheidhmeannach,
Adagio Ventures
Commercialisation Partners
Ceaptha: 23 Deireadh
Fómhair 2015
Athcheapadh: 18 Iúil 2019



Lisa Dillon

Bainisteoir Ginearálta EMEA
Inside Sales, Microsoft
Ceaptha: 17 Samhain 2015
Athcheapadh: 18 Iúil 2019



Helen Ryan

Stiúrthóir, Hakata
Holdings Ltd.
Ceaptha: 26 Márta 2014
Athcheapadh: 10 Iúil 2017



Elaine Coughlan

Comhbhunaitheoir agus
Comhpháirtí Bainistíochta,
Atlantic Bridge Capital Ltd.
Ceaptha: 12 Bealtaine 2014
Athcheapadh: 3 Eanáir 2019



Conor Hanley

Uachtarán agus POF, Foundry
Innovation and Research
1 Ltd (FIRE1)
Ceaptha: 3 Eanáir 2019



Clodagh Cavanagh

POF, Abbey Machinery Ltd.
Ceaptha: 3 Eanáir 2019



Lucinda Woods

Sainchomhairleoir
Ceaptha: An 12 Eanáir 2022



James Woulfe

Iar-phríomhfheidhmeannach
Chomharchumann Daírygold
Ceaptha: An 12 Eanáir 2022



Pauline Mulligan

Ard-Rúnaí Cúnta sa
Roinn Fiontar, Trádála
agus Fostaíochta
Ceaptha: An 8 Feabhra 2022

Is é **Joe Healy** Rúnaí
an Bhoird

**Athruithe ar an mBord
i rith 2021/2022:**

Julie Sinnamon, Chuaigh Ar Scor: An 28 Bealtaine 2021
Declan Hughes, Chuaigh Ar Scor: An 8 Feabhra 2022
Geoff Meagher, Chuaigh Ar Scor: An 26 Meitheamh 2021
Colum Horgan, Chuaigh Ar Scor: An 26 Meitheamh 2021
John McMahon, Chuaigh Ar Scor: An 19 Aibreán 2022

Lucinda Woods, Ceaptha: An 12 Eanáir 2022
James Woulfe, Ceaptha: An 12 Eanáir 2022
Pauline Mulligan, Ceaptha: An 8 Feabhra 2022
Leo Clancy, Ceaptha: An 31 Bealtaine 2021

Ballraíocht Choistí Bainistíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann ar an 13 Aibreán 2022

Coiste Feidhmiúcháin

Bhunaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Coiste Feidhmiúcháin in 2022 leis na príomhcheisteanna straitéiseacha a bhaineann le mandáid na gníomhaireachta a phlé agus aontú a dhéanamh ar ghníomhartha maidir leis an ábhar sin.

Comhaltaí an choiste:

Leo Clancy, POF, Cathaoirleach
Orla Battersby
Mark Christal
Stephen Creaner
Tom Cusack
Carol Gibbons
Joe Healy
Tom Kelly
Leo McAdams
Paul McKeown
Jennifer Melia
Kevin Sherry
Kathryn Whyte

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2021/2022:

Gearoid Mooney

Mairead Hennessy, Rúnaí don Choiste Feidhmiúcháin

Coiste Bainistíochta na gCeaduithe

Fochoiste den Choiste Infheistíochta is ea Coiste na gCeaduithe Bainistíochta, a bhfuil an chumhacht aige maoiniú suas le €250,000 a cheadú.

Comhaltaí an choiste:

Tom Early (cathaoirleach)
Alan Hobbs
Alexa Toomey
Anne Lanigan
Ciara Fitzpatrick
Declan Black
Keelin Fagan
Kevin Burke
Martin Corkery
Ross O'Colmain
Rowena Dwyer

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2021/2022:

Enda McDonnell
Jean O'Sullivan
Conor O'Donovan
Fergus McMahon
Imelda Lambkin
Niall McEvoy
Nicola Nic Pháidín

Lorraine Frewen, Rúnaí do Choiste Bainistíochta na gCeaduithe

An Coiste Infheistíochta

Tá sé de chumhacht ag an gCoiste Infheistíochta pacáistí maoinithe suas go dtí €3 mhilliún a cheadú do thionscadail nach bhfuair ceadú maoinithe de bhreis is €5 mhilliún cheana féin d'aon tionscadal eile san dá bhliain roimhe.
Comhaltaí an choiste:

Leo Clancy, (Cathaoirleach) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Kevin Sherry, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Paul McKeown, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Stephen Creaner - Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Leo McAdams - Bainisteoir Rannáin, Seirbhísí Infheistíochta

Thomas Murray, Príomhoifigeach, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Bernie Cullinan, Sainchomhairleoir, an Earnáil Phríobháideach

Liam Ryan, Sainchomhairleoir, an Earnáil Phríobháideach

Maurice Hickey, an Earnáil Phríobháideach

Angela Robinson - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Brendan Lenihan - an Earnáil Phríobháideach
Paul Dixon – an Earnáil Phríobháideach
Ghlac na comhaltaí seo a leanas ballraíocht sa choiste le linn 2021/2022:

Leo Clancy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Paul Dixon, an Earnáil Phríobháideach
Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2021/2022:

Julie Sinnamon, (cathaoirleach), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Lucy Tsimba, Rúnaí an Choiste Infheistíochta

An Coiste Caipiteal Síil agus Fiontair

Cuspóirí chláir um Chaipiteal Síil agus Fiontair de chuid Fhiontraíocht Éireann ná forbairt bhreise a dhéanamh ar earnáil chaipitil fiontair na hÉireann, caipiteal riosca a chur ar fáil le haghaidh FBManna atá ag an staid síl, nuathionscanta agus forbartha, infheistíocht phríobháideach agus institiúideach a ghíaráil agus cistí atá inmharthana ó thaobh na tráchtála a fhorbairt. Is scéim iomaíoch í seo.

Comhaltaí an choiste:

Kevin Sherry, (Cathaoirleach), Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann;

Donnchadh Cullinan, Bainisteoir Roinne, Caipiteal Fáis agus Caidrimh Bhaincéireachta, Fiontraíocht Éireann
Don Harrington, Stiúrthóir Airgeadais Chorporáidigh, Goodbody Stockbrokers, an Earnáil Phríobháideach

Bernadette Hawkes - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Paul McKeown, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Leo McAdams, Bainisteoir Rannáin, Seirbhísí Infheistíochta & Fiontraíocht, Fiontraíocht Éireann

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2021/2022:

Nick Ashmore, POF, Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, an Earnáil Phríobháideach

Lucy Tsimba, Rúnaí Choiste na gCistí um Chaipiteal Síil agus Fiontair

An Coiste um Taighde Tionsclaíochta agus Tráchtálaíochta

Ceadaíonn an Coiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálú maoiniú suas go dtí €1.25 milliún do thaighde agus tráchtálú feidhmeach a bhfuil ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta, taighde comhoibritheach agus líonraí atá á stiúradh ag an tionscal bainteach leo. Díróinn sé isteach ar thionscadail atá stiúrtha ag an tionscal nó a d'fhéadfadh toradh tráchtála a bheith acu in Éirinn.

Comhaltaí an Choiste:

Stephen Creaner, (Cathaoirleach), Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Jennifer Brennan, Cumann an Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA)

Mike Brosnan, Sainchomhairleoir

Carol Gibbons, Bainisteoir Rannáin, Réigiúin agus Fiontar Áitiúil

Seamas Grant, Sainchomhairleoir

Lisa Keating, Cumann Ollscoileanna Éireann

Alan Kelly, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Frank Kennedy, Feidhmeannach Scortha, Tionscal Príobháideach

Siobhan Roche, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Maired O'Driscoll, an Bord Taighde Sláinte
Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2021/2022:

Gearóid Mooney, (Cathaoirleach), Bainisteoir Rannáin, An Rannán um Thaighde agus Nuáil,

Fiontraíocht Éireann

Richard Howell, Ceann Taighde, An Rannán Comhordaithe Bia agus Codex, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Maired Hennessy, Rúnaí ag an gCoiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálú

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais Fiontraíocht Éireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998.

Seo a leanas atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasáíochta tábhachtacha


I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2021 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Is iad na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin ná iad siúd a bhfuil tuairisc orthu san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Fhiontraíocht Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin. Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

Tuairisc faoi fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus faoi ábhair eile

Tá faisnéis eile curtha i láthair ag Fiontraíocht Éireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird san áireamh, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 14 Meitheamh 2022

Aguisín leis an Tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialaithe agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm atá forordaithe faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998
- ag déanamh cinnte go dtugtar léargas fírinneach cóir i gcomhréir le FRS102 ag déanamh cinnte go mbíonn idirbhearta rialta
- ag measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht, agus
- an sórt rialaithe inmheánaigh a mheasann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cé gur de dheasca calaoise nó de dheasca earráide é.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (CICanna), míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhírátis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide, a aithint agus a mheas; ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúcháireachta chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise níos airde ná an riosca de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, neamhghníomhartha d'aon turas, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán airgeadais agus na nochtaí bainteacha.
- Cinnim faoina oiriúnaí is atá sé úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuair mé, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fhiontraíocht Éireann leanúint ar aghaidh ina gnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí bainteacha sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a athrú. Déanaim mo chuid conclúidí a bhunú ar fhianaise a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó dálaí ann sa todhchaí, áfach, a chuirfeadh cosc ar Fhiontraíocht Éireann leanúint ar aghaidh ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtaí san áireamh, agus ar cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach go gcuirtear i láthair go cóir iad.

Bíonn cumarsáid agam leo siúd a mbíonn cúram rialachais leagtha orthu maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

Déanaim tuairisc mar eisceacht má cheapaim go bhfuil na nithe seo a leanas fíor,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léiríonn aon fhoirm eile de chonclúid dearbhaithe i leith sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CICanna an t-eolas eile atá curtha i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam breithniú cibé acu an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas faighte le hiniúchadh, nó más cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má cheapaim, ar bhunús na hoibre atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh agus mé ag dul i muinín na gceisteanna speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Déanaim tuairisc má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar stiúradh gnó poiblí.

Tá mé ag iarraidh fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má shainaithním ásc ábhartha ar bith inar caitheadh airgead poiblí chun críche seachas an chríoch a beartaíodh nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Bord

Rialachas

Bunaíodh Bord Fhiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 22 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéantar trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi gach príomhcheist a bhaineann leis an ngnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as feidhmiú, rialú agus stiúradh Fhiontraíocht Éireann ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir ghinearálta straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscauntasach a d'fhéadfadh teacht aníos. Feidhmíonn an POF mar theagmhálaí idir Bhord agus lucht bainistíochta Fhiontraíocht Éireann.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird, ina bhfuil na hábhair maidir le cinntí an Bhoird forchoimeáda go sonrach. Áirítear leis na míreanna buana a phléann an Bord:

- Dearbhú leasanna
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tuarascálacha ó Fhochoistí an Bhoird
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta, tuarascálacha ar fheidhmíocht
- Míreanna maidir le Rialachas Corparáideach
- Míreanna le plé
- Tionscadail le cinneadh
- Míreanna le nótaí

Éilítear le hAlt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, ar Bhord Fhiontraíocht Éireann, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé.

Ag ullmhú na ráitis airgeadais sin, caithfidh Bord Fhiontraíocht Éireann:

- Polasaithe cuí cuntasaitochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú, agus
- A shonrú cibé an bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme á gcomhlíonadh, faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá sé de fhreagracht ar an mBord an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Fhiontraíocht Éireann a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Ar an 9 Feabhra 2022, rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Fhiontraíocht Éireann ag úsáid an phlean agus an bhuiséid bhliantúil mar thagairt.

Tá an Bord freagrach freisin as a acmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí a chosc agus a bhraith.

Is í tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann ar an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus deichniúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an mBord, iad go léir ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceaptar na comhaltaí Boird ar feadh tréimhse cúig bliana nó de réir mar a chinntear sa reachtaíocht agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Tá folúntas amháin ann faoi láthair.

Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Terence O'Rourke	Cathaoirleach	1 Lúnasa 2013, Athcheapadh ar an 1 Lúnasa 2018
Leo Clancy	POF	An 31 Bealtaine 2021
Julie Sinnamon	(Iar) POF	An 3 Samhain 2013, Athcheaptha ar an 3 Samhain 2018, Chuaigh ar scor ar an 28 Bealtaine 2021
Clodagh Cavanagh	Comhalta Boird	3 Eanáir 2019
Elaine Coughlan	Comhalta Boird	12 Bealtaine 2014, Chuaigh ar scor ar an 23 Iúil 2018, Athcheapadh ar an 3 Eanáir 2019
Lisa Dillon	Comhalta Boird	17 Samhain 2015, Athcheaptha ar an 18 Iúil 2019
Conor Hanley	Comhalta Boird	3 Eanáir 2019
Colum Horgan	Comhalta Boird	An 15 Deireadh Fómhair 2012, Athcheaptha ar an 26 Meitheamh 2020, Chuaigh ar scor ar an 26 Meitheamh 2021
Declan Hughes	Comhalta Boird	An 4 Meán Fómhair 2017, Chuaigh ar scor ar an 8 Feabhra 2022
John Mc Mahon	Comhalta Boird	An 26 Márta 2014, Athcheaptha ar an 10 Iúil 2017, Athcheaptha ar an 23 Iúil 2021, D'éirigh as ar an 19 Aibreán 2022
Geoff Meagher	Comhalta Boird	An 15 Deireadh Fómhair 2012, Athcheaptha ar an 26 Meitheamh 2020, Chuaigh ar scor ar an 26 Meitheamh 2021

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Helen Ryan	Comhalta Boird	An 26 Márta 2014, Athcheaptha ar an 10 Iúil 2017, Athcheaptha ar an 23 Iúil 2021
Dave Shanahan	Comhalta Boird	An 23 Deireadh Fómhair 2015, Athcheaptha ar an 18 Iúil 2019
Jim Woulfe	Comhalta Boird	An 12 Eanáir 2022
Lucinda Woods	Comhalta Boird	An 12 Eanáir 2022
Pauline Mulligan	Comhalta Boird	An 8 Feabhra 2022

Rinneadh measúnú seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird in 2020 agus cuireadh na torthaí faoi bhráid an Bhoird ar an 9 Nollaig 2020 chun críocha athbhreithnithe in éineacht le plean gníomhaíochta. Cuireadh uasdátú maidir leis an bPlean Gníomhaíochta faoi bhráid an Bhoird ag a chruinniú ar an 8 Nollaig 2021.

Rinneadh measúnú inmheánach ar éifeachtúlacht an Bhoird i mí na Nollag 2021. Cuireadh na torthaí faoi bhráid an Bhoird ag a chruinniú ar an 9 Feabhra 2022.

Tháinig an Bord le chéile 19 n-uaire in 2021, 17 gcrúinniú agus 2 cheardlann.

In 2021, bhunaigh an Bord sé fhochoiste mar a leanas:

1. Fochóiste Comhairleach an Bhoird: Tá ceathrar comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo, duine amháin díobh ainmnithe mar Chathaoirleach, mar aon le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is é ról Fochóiste Comhairleach an Bhoird ábhair a bhaineann le tograí práinneacha agus/nó suntasacha a athbhreithniú agus a phlé sula ndéanann an Bord iad a phlé agus sula ndéanann sé cinneadh ina leith.

Ba iad seo a leanas comhaltaí Fochóiste Comhairleach an Bhoird: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Leo Clancy (POF) Declan Hughes agus Elaine Coughlan.

Bhí aon chruinniú amháin ag Fochóiste Comhairleach an Bhoird in 2021.

2. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca: Tá ceithre chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin ar

an gcoiste seo. Ba é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna a bhain le riosca, rialú agus rialachas agus le ráthaíocht bhainteach. Bhí an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Chinntigh an CIR go ndearnadh monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Thuairiscigh an Coiste chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca: Geoff Meagher (Cathaoirleach), Colum Horgan, Helen Ryan agus Clodagh Kavanagh. Chuaigh Geoff Meagher agus Colum Horgan ar scor ar an 26 Meitheamh 2021. Ar an 7 Iúil 2021 ceapadh Helen Ryan mar Chathaoirleach agus ceapadh Elain Coughlan ar an gcoiste.

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca in 2021.

3. An Coiste um Athbhreithniú ar Phunann Infheistíochta (CAPI): Bhí beirt chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo, a ceapadh ag an mBord, duine amháin díobh ainmnithe mar Chathaoirleach, mar aon le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus comhalta amháin ón earnáil phríobháideach. Ba é ról an Choiste um Athbhreithniú ar Phunann Infheistíochta (CAPI) maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht Phunann Infheistíochta Fhiontraíocht Éireann.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Phunann Infheistíochta: John Mc Mahon (Cathaoirleach), Declan Hughes, Julie Sinnamon (POF) (go dtí Aibreán 2021) Leo Clancy (POF) (ó Iúil 2021) agus Paul McKeown (Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus POA). Ceapadh Michael Murphy (Sainchomhairleoir san Earnáil Phríobháideach) ar an 10 Márta 2021.

Bhí ocht gcrúinniú ag CAPI in 2021.

4. An Coiste Straitéise agus Beartais: Cúigear comhalta neamhfheidhmeannach den Bhord arna gceapadh ag an mBord. Is é ról an Choiste Straitéise agus Beartais ná obair leis an bhFeidhmeannas chun straitéis chorpóraideach d'Fhiontraíocht Éireann a fhorbairt.

Ba iad comhaltaí an Choiste Straitéise agus Polasáí ná Terence O'Rourke (Cathaoirleach), John Mc Mahon, Dave Shanahan, Conor Hanley agus Helen Ryan.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Ní raibh aon chruinniú aige in 2021.

5. An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní: Tá Cathaoirleach an Bhoird ar an gcoiste seo, a bheidh mar Chathaoirleach, agus ar a laghad beirt chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin, ceaptha ag an mBord.

An ról atá ag an gCoiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní ná tacú leis an mBord a dhualgais maoirseachta a chomhlíonadh trí chomhairle agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le ceapachán, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an POF agus pleanáil comharbais don POF i gcomhréir le beartas an Rialtais. Is iad comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní ná Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Elaine Coughlan agus Lisa Dillon.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2021.

6. An Coiste um Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha: Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an gcoiste seo agus ar a laghad tríúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha ceaptha ag an mBord, duine amháin díobh atá mar Chathaoirleach.

Bhunaigh an Bord an Coiste um Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha de chuid Fhiontraíocht Éireann in Eanáir 2020 chun creat a fhorbairt le haghaidh dáileadh acmhainní agus chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige maidir le luach ar airgead agus tionchar a mheas agus a chur in iúl. Ba iad comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha ná Geoff Meagher (Cathaoirleach) (a chuaigh ar scor ar an 26 Meitheamh 2021), Julie Sinnamon (a chuaigh ar scor ar an 28 Bealtaine 2021), Declan Hughes agus John McMahon.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Ní raibh aon chruinniú aige in 2021.

Ag a chruinniú ar an 9 Feabhra 2022, cheadaigh an Bord athstruchtúrú dá fhochoistí chun an Straitéis nua de chuid Fhiontraíocht Éireann, 'Leading in a Changing World 2022-2024', a léiriú.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Bord

(Ar lean)

Sceideal an Tinrimh, na dTáillí agus na gCostais 2021

Tá sceideal den tinreamh ag cruinnithe Boird agus Fochoistí in 2021 leagtha amach thíos:

	Bord	Comhairleach an Bhoird	Iníúcháireacht & Riosca	IPRC	Straitéis & Polasaí	Feidhmíocht & Pleanáil Acmhainní	Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha	Táillí 2021 €	Costais 2021 €
Líon na gcuinnithe	*17	1	6	8	-	1	-		
Terence O'Rourke	17	1			-	1		20,528	898
Julie Sinnamon	9			2			-	-	762
Leo Clancy	8	1		4				-	7,305
Elaine Coughlan	17	1	2			1		11,975	-
Lisa Dillon	17					1		11,975	-
Colum Horgan	10		3					5,781	-
Declan Hughes	17	1		8			-	-	-
John Mc Mahon	17			8	-		-	11,975	-
Geoff Meagher	10		4				-	5,781	-
Helen Ryan	16		6		-			11,975	-
Dave Shanahan	13				-			11,975	-
Conor Hanley	17				-			11,975	-
Clodagh Cavanagh	17		6					11,975	465
Iomlán								115,915	9,430

*Lena n-áirítear 3 chruinniú a reáchtáladh trí chomhfhreagras agus bhí cruinniú ag an mBord ar an 10 Márta 2021 agus ar an 13 Deireadh Fómhair 2021 gan na comhaltaí Boird feidhmíúcháin ná an lucht bainistíochta a bheith i láthair.

San áireamh leis na costais iomlána de €9,430, tá €5,402 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird. Baineann an t-iarmhéid de €4,028 le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird. Baineann na costais le costais iompair agus chothabhála tabhaithe ag an POF agus ag na comhaltaí Boird le linn dóibh a bheith ag freastal ar chruinnithe an Bhoird agus ar imeachtaí claint eile de chuid Fhiontraíocht Éireann, misin trádála thar sáile san áireamh.

Ní bhfuair triúr comhaltaí Boird, Julie Sinnamon (POF ar scor), Leo Clancy (POF reatha) agus Declan Hughes, Rúnaí Cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, táille Boird i gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

Príomhathruithe Pearsanra

I gcomhréir leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, rachaidh beirt comhaltaí Boird, a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach, ar scor ón oifig ar chuimhneachán lá bunaidh Fhiontraíocht Éireann gach bliain.

Chuaigh Julie Sinnamon ar scor mar POF Fhiontraíocht Éireann ar an 28 Bealtaine 2021 agus thosaigh Leo Clancy amach ar a ról nua mar POF ar an 31 Bealtaine 2021.

Chuaigh Colum Horgan agus Geoff Meagher ar scor ar an 26 Meitheamh 2021.

Chuaigh Declan Hughes ar scor ar an 8 Feabhra 2022.

D'éirigh John Mc Mahon as a phost ar an 19 Aibreán 2022.

Ceapadh Jim Woulfe agus Lucinda Woods ar an 12 Eanáir 2022.

Ceapadh Pauline Mulligan, Rúnaí Cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar an 8 Feabhra 2022.

Nochtaí arna n-éileamh ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Fiontraíocht Éireann le riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha fhostaithe os cionn €60,000 i Nóta 7(b).

Costais Chomhairliúcháin

Tá an costas le haghaidh comhairle sheachtrach don bhainistíocht san áireamh sna costais chomhairliúcháin ach níl feidhmeanna oibríochtúla a sholáthraíonn saineolaithe seachtracha san áireamh iontu.

	2021 €	2020 €
Measúnú Tráchtála & Teicniúil	376,039	846,232
Iníúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca & Iníuchtaí Cláir	163,136	110,481
Athbhreithnithe Airgeadais & Próisis	38,463	82,256
Dlíthiúil	231,940	195,416
Eile	55,560	209,076
Costais chomhairliúcháin iomlána	865,138	1,443,461

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Ní raibh aon chostais dhlíthiúla ann sa tréimhse thuairiscithe maidir le socraíochtaí, imeachtaí comhréitigh agus imeachtaí eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo an caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dhlíthiúil a fuair Fiontraíocht Éireann, a nochtar sna Costais chomhairliúcháin thuas.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath. Tá líonra oifigí réigiúnach agus thar sáile ag Fiontraíocht Éireann freisin. Féachtar ar thaisteal taobh amuigh d'Éireann do bhaill foirne atá bunaithe in Éirinn mar Thaisteal Idirnáisiúnta. Is Taisteal Baile é taisteal a dhéanann comhaltaí foirne atá lonnaithe in aon cheann de na hoifigí thar lear laistigh de dhlínse a n-oifige ceaptha. Féachtar ar thaisteal taobh amuigh den dhlínse ina bhfuil oifig an chomhalta foirne lonnaithe mar thaisteal idirnáisiúnta.

Déantar caiteachas Taistil agus Cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2021 €	2020 €
Intíre		
Bord*	5,989	9,964
Fostaithe	365,335	676,989
Idirnáisiúnta		
Bord*	3,441	1,865
Fostaithe	176,222	527,714
Iomlán	550,987	1,216,532

*Lena n-áirítear taisteal agus cothú de €5,402 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2021 (2020 - €615). Baineann an t-iarbheid de €4,028 (2020 - €11,214) le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann chomhaltaí an Bhoird agus an POF.

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2021 €	2020 €
Fáilteachas Foirne	9,278	4,576
Fáilteachas Cliaint	70,671	86,892
Iomlán	79,949	91,468

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Fiontraíocht Éireann go hiomlán an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú do 2021.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:



Terence O'Rourke,
Cathaoirleach
An 13 Meitheamh 2022



Leo Clancy,
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Fhiontraíocht Éireann, admhaím freagracht an Bhoird maidir le cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, is féidir leis an gcóras ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead mar is cóir, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánach, atá de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun i bhFiontraíocht Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ag Fiontraíocht Éireann, ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird de ghnáth a bhfuil an saineolas cuí acu, agus a bhfuil duine díobh mar Chathaoirleach ar an gcoiste. Tháinig an CIR le chéile sé huaire in 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Fiontraíocht Éireann atá dea-bhainistithe, feidhm ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha de shaineolas neamhspleách seachtarach agus lena ndéantar clár oibre a aontaíodh le CIR a riar.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag CIR ina leagtar amach an méid riosca a nglacann sé leis agus an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus ina dtugtar mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí don fhoireann ar fad agus glactar leis go n-oibreoidh baill na foirne agus iad ag cloí le polasaithe bainistíochta riosca Fhiontraíocht Éireann, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le haon rioscaí a thiocfaidh chun cinn agus go ndéanfaidh siad laigí a rialú, agus go nglacfaidh siad freagracht as aon rioscaí nó rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí ar gá d'Fhiontraíocht Éireann aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, a mheasúnú agus a rangú bunaithe ar a dtábhacht. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith a mhaolú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ag a bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó ar fad doiciméadaithe
- Freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht ghaolmhar sannta ag leibhéal bainistíochta
- Tá córas cuí buiséadaithe ann agus buiséad bliantúil atá á choinneáil faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearach
- Tá córais ann atá ceaptha chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais ann chun cosaint a thabhairt do shócmhainní agus cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais do ghníomhaireachtaí eachtracha rialú leordhóthanach ar cheadú deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe chun a chinntiú go bhfuil an cistiú deontais curtha i bhfeidhm chun na críche a beartaíodh

Tionchar COVID-19 ar an gCreat Riosca agus Rialaithe

Tá measúnú leanúnach déanta ag Fiontraíocht Éireann ar an gcreat rialaithe ó tharla ráig COVID-19 agus an bogadh go cianobair don fhoireann ar fad. Leathnaíodh na hardáin teicneolaíochta shlána a bhí ann cheana don fhoireann ar fad chun cianobair a éascú agus cuireadh bearta cibearshlándála feabhsaithe i bhfeidhm, traenáil agus tástáil san áireamh. Cuireadh bearta eile i bhfeidhm maidir le cigireachtaí deontais chun na rioscaí a mhaolú a bhain leis an gcosc ar chuairteanna ar láthair an chliaint. Déantar measúnú ar thionchar na rioscaí ó COVID-19 mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca na gníomhaireachta agus leanfaidh Fiontraíocht Éireann de na bearta ar fad a dhéanamh atá riachtanach chun rioscaí ábhartha a shainaithneofar a mhaolú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do phróisis rialaithe mhonatóireachta agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más cuí sin, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sainaitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus easpaí ar bith sainaitheanta a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus ar an bhfeidhmíocht bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfháisnéisí

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú. Déantar aird a tharraingt ar cheisteanna a thagann anuas maidir le rialú soláthair sna ceisteanna rialaithe inmheánaí thíos.

Soláthar Neamh-Chomhlíontach

I rith 2021, rinneadh caiteachas €197,675 a thabhtú i leith earraí agus seirbhísí le trí sholáthraí, áit nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh leis na treoirlínte maidir le soláthar. I ngach cás bhí baint acu le soláthar seirbhísí práinneach ag eascairt as COVID-19. Tá Creat-chomhaontú ann anois do chás amháin díobh sin agus tá gníomhaíocht ar bun chun dul i ngleic leis an dá cheann eile.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Fiontraíocht Éireann ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha, obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúcháirí, obair na n-iniúcháirí seachtracha agus obair an lucht ardbhainistíochta i bhFiontraíocht Éireann atá freagrach as creat an rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar an éifeachtúlacht atá ag na rialuithe inmheánacha do 2021 ar an 13 Aibreán 2022.



Terence O'Rourke
Cathaoirleach

An 13 Meitheamh 2022

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Ioncam

Deontais an Oireachtais - An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Maoiniú ó Ranna Rialtais Eile
Acmhainní Féin
Glanmhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir

Brabús ar dhíúscairt/aistriú Shócmhainní Seasta

IONCAM IOMLÁN

Caiteachas

Tacaíocht Airgeadais do Thionscal
Íocaíocht amach do Ghníomhaireachtaí Eile Stáit maidir le Tacaíocht Airgeadais do Thionscal
Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn
Costais Sochair Scoir
Gluaiseacht i Luach Shócmhainní Seasta
Gluaiseacht i Luach Iasachtaí Lamháltais Aonáin Leasa Phoiblí

CAITEACHAS IOMLÁN

Barrachas roimh Leithghabhálacha

Leithghabhálacha

Rannchuidiú (le)/ón Stáitchiste
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil
Aistriú (go)/ón gCuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha


An t-larmhéid tugtha ar aghaidh at Tús na Bliana

An t-larmhéid Tugtha ar Aghaidh ag Deireadh na Bliana

Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
2	581,777	1,068,071
3	3,500	24,546
4	18,461	9,720
8(d)	15,722	17,301
11	61,434	43,698
	680,894	1,163,336
5	404,929	984,956
6	1,825	3,782
7	86,869	88,744
8(c)	20,213	20,373
9	(7,036)	(55,532)
10	4,945	(307)
	511,745	1,042,016
	169,149	121,320
12	(116,673)	(11,024)
13	(10,577)	(68,656)
14	(39,188)	(34,037)
	2,711	7,603
	10,451	2,848
	13,162	10,451

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:



Terence O'Rourke
Cathaoirleach



Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An 13 Meitheamh 2022

Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha

Gnóthas/(caillteanas) taithí ar dhliteanas na scéime Sochair Scoir

Athrú ar na boinn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha na nDliteanas sochair scoir faoi láthair


Brabús/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain

Coigeartú ar chistiú Sochar Scoir iarchurtha

Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:



Terence O'Rourke
Cathaoirleach



Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An 13 Meitheamh 2022

2021 €'000	2020 €'000
2,711	7,603
(516)	(9,808)
(49,432)	(36,196)
(49,948)	(46,004)
49,948	(46,004)
2,711	7,603

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021

Sócmhainní Seasta

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Airgeadas

Sócmhainní Seasta Iomlána

Iasachtaí Lamhálaí d'Aonáin Leasa Phoiblí

Sócmhainní Reatha

Infháltais

Airgead tirim agus Coibhéis Airgid Tirim

Dlíteanais Reatha

Suímeanna Iníoctha (Suímeanna atá dlíte laistigh de bhliain amháin)

Glansócmhainní Reatha

Oibleagáidí Sochair Scoir

Sócmhainní Cistithe Iarchurtha

Glansócmhainní Iomlána

A Fhreagraíonn don

Cuntas Caipitil

Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

Cúlchistí Coinnithe

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:



Terence O'Rourke
Cathaoirleach



Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An 13 Meitheamh 2022

Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
16	2,304	1,765
17	534,219	524,599
	536,523	526,364
18	86,620	46,715
19	3,816	4,159
	22,702	24,271
	26,518	28,430
20	13,356	17,979
	13,162	10,451
8(e)	(638,424)	(572,754)
8(e)	638,424	572,754
	636,305	583,530
13	536,523	526,364
14	86,620	46,715
	13,162	10,451
	636,305	583,530

Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Sreafaí airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Farasbarr ioncaim thar Chaiteachas		169,149	121,320
Claochlaithe do			
Díbhinní infhaighte		(4,034)	(2,804)
Ús Infhaighte		(1,343)	(11)
Laghdú i Luach Shócmhainní Seasta		(7,036)	(55,532)
(Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh		(12)	-
Brabús ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta Airgeadais		(61,422)	(43,698)
(Méadú)/Laghdú ar Luach Sócmhainní Dreasachta Airgeadais		4,945	(307)
(Méadú)/Laghdú sna hInfháltais gan Díbhinní san áireamh		202	(196)
Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Infhaighte gan Ranníocaíochtaí don Státhiste san áireamh		400	(2,599)
Ranníocaíocht don Státhiste		(121,695)	(13,602)
Tionchar athruithe ar rátaí eachtracha malairte		(282)	203
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(21,128)	2,774
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a cheannach			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	16	(1,268)	(543)
Airgeadas:			
Infheistíochtaí i Scaireanna	17(c)	(27,774)	(28,466)
Nótaí ar lasachtaí In-chomhshóite	17(d)	(8,388)	(4,325)
Ciste Caipiteal Síil agus Fiontair	17(a)	(68,985)	(38,968)
Lasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí déanta	18	(46,884)	(36,137)
Fáltais ó dhiúscairt Shócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	11(a)	12	-
Airgeadas:			
Infheistíochtaí i Scaireanna	11(b)	53,259	37,180
Nótaí ar lasachtaí In-chomhshóite	11(b)	415	-
Ciste Caipiteal Síil agus Fiontair	11(b)	110,623	65,696
Fáltais d'lasachtaí Lamháltais Aonáin Leasa Phoiblí	18	4,044	2,418
Sreafaí glana airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		15,054	(3,145)
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Díbhinní faighte		4,175	2,772
Ús Bainc faighte		48	-
Sreafaí glana Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		4,223	2,772
Glanlaghdú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim		(1,851)	2,401
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ag tús na bliana		24,271	22,073
Tionchar athruithe ar rátaí eachtracha malairte		282	(203)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na bliana		22,702	24,271

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

1. Polasaithe Shuntasacha Chuntasáíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasáíochta agus na polasaithe cuntasáíochta suntasacha glactha ag Fiontraíocht Éireann. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad ar fad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

(a) Eolas ginearálta

Bunaíodh Fiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3.

Aonán Leasa Phoiblí (ALP) is ea Fiontraíocht Éireann. Soláthraíonn Aonán leasa poiblí earraí nó seirbhísí ar mhaithe leis an leas ginearálta poiblí, pobail nó sóisialta agus, áit a soláthraítear cothromas ar bith, is chun tacú le príomhchuspóirí an aonáin a dhéantar sin seachas chun brabach a thabhairt do sholáthraithe cothromaís, scairshealbhóirí nó comhaltaí.

Is é príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann mar atá leagtha amach i gCuid II Alt 7(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998, ná:

- Tionscal agus fiontar a fhorbairt sa Stát
- Margaíocht earraí agus tionscail sheirbhíse a chur chun cinn, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt
- Fiontar a chur chun cinn i measúnú agus foirmlíú straitéisí
- Bonn teicneolaíochta agus cumas na bhfiontar a fhorbairt maidir le nuáil, taighde, forbairt agus dearadh a dhéanamh
- An bonn scileanna sa tionscal a threisiú
- Infheistíochtaí a dhéanamh i ngnóthais thionsclaíocha a chomhlíonann ceanglais na n-achtachán atá i bhfeidhm faoi láthair, agus tacaíochtaí a thabhairt do na gnóthais sin
- Cibé scéimeanna, deontais agus saoráidí airgeadais eile a riar ar gá eisíocaíochta a dhéanamh ina leith ar chistí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar cibé cistí eile a údaróidh an tAire ó am go ham le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Cé go n-infheistíonn Fiontraíocht Éireann caipiteal gnáthscaireanna i gcuideachtaí, ní hé gnóthas brabaigh ar an infheistíocht an t-aon chúis a ndéantar an infheistíocht sin agus úsáidtear aon bhrabach a ghnóthaítear chun príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann a chistiú.

(b) Ráiteas Comhlíontachta agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhodhnú chun cur san áireamh míreanna áirithe ar luach cóir, i gcomhlíonadh an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe a úsáidtear i ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann. Is é an euro an t-airgeadra feidhmiúil atá ag Fiontraíocht Éireann mar is é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfuil an ghníomhaireacht ag feidhmiú.

(c) Ioncam

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn fabhráithe seachas díobh seo a leanas:

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhonn fáiltais airgid.

Ioncam ó Dhíbhinní

Aithnítear ioncam Díbhinní nuair a bhunaítear an ceart íocaíochta a fháil, agus nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Agus sonraisc díbhinní á n-eisiúint ag Fiontraíocht Éireann, ní fios an bhfuil cúlchistí indéilte dóthanacha ag an gcuideachta infheistiúcháin agus, mar sin, ní féidir a mhaíomh go bhfuil an ceart íocaíochta a fháil bunaithe. Mar sin, aithníonn Fiontraíocht Éireann ioncam a fuarthas sa bhliain airgeadais chuí nó a shonrasctar sa bhliain airgeadais chuí agus a fhaightear sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin.

Aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha

Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal iníoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe, ar nós leachtaithe/díscaoilte, mar atá leagtha amach sa litir tairisceana. Déantar aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha a aithint ar bhonn fáiltais airgid.

(d) Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal

Déantar dlíteanas a aithint sna Ráitis Airgeadais chomh luath agus a chomhlíontar na critéir sainmhínithe agus aitheanta, nuair nach féidir le Fiontraíocht Éireann tarraingt siar go réadúil de bharr nádúr na hoibleagáide agus nuair atá na coinníollacha sonraithe ar fad comhlíonta ag an deontáí.

(e) Tacaíocht Airgeadais do Thionscal atá Iníoctha – Iasachtaí Lamháiltais Aonáin Leasa Phoiblí

Aicmítear Tacaíochtaí Airgeadais Caipitil Inaisíochta mar iasachtaí lamháiltais aonáin leasa poiblí, .i. iasachtaí a bhronntar chun na cuspóirí atá ag an aonán leasa poiblí a fhorbairt, nach gá iad a aisíoc ar éileamh agus a bhronntar ar ráta níos ísle ná ráta úis an mhargaidh atá i réim nó gan ús. Aithnítear Tacaíochtaí Airgeadais Caipitil Inaisíochta ar dtús sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an méid a íocadh. Déantar an tsuim ghlanluacha sna ráitis airgeadais a choigeartú ina dhiaidh sin chun aon ús fabhráithe iníoctha nó infhaighte a léiriú. Déantar athbhreithniú bliantúil ar Thacaíochtaí Airgeadais Caipitil Inaisíochta le haghaidh laigí agus aithnítear aon laigí sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is iad seo na tacaíochtaí airgeadais caipitil atá inaisíochta do thionscal:

Tacaíocht Airgeadais Inaisíochta

Tá clásal inaisíochta ag Tacaíochtaí Airgeadais Caipitil, Nótaí ar Iasachtaí agus Réamhíocaíochtaí Inaisíochta ar leith, lena gceadaítear an tacaíocht airgeadais ar fad nó cuid di a aisghabháil.

Deontais Inaisíochta eisithe ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Oifigí Fiontar Áitiúil

Rinneadh foráil san tAcht um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014 do dhíscaoileadh na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) agus aistriú a bhfeidhmeanna agus a sócmhainní agus dlíteanas chuig Fiontraíocht Éireann ar an 14 Aibreán 2014. Ón 14 Aibreán 2014 ar aghaidh, tá feidhmeanna na BFCanna á gcomhlíonadh faoi shocrú oibriúcháin trí na húdaráis áitiúla tar éis bhunú líonra Oifigí Fiontar Áitiúla (OFÁna).

Tá foráil inaisíochta chun gur féidir cuid den tacaíocht airgeadais a fháil ar ais ag deontais Bheart 1 eisithe ag BFCanna agus eisithe anois ag na OFÁna. Is sócmhainní de chuid Fhiontraíocht Éireann na deontais in-aisghabhála seo agus sa cháil sin léirítear iad ar Ráiteas faoin Staid Airgeadais na gníomhaireachta.

Léirítear an méid in-aisghabhála maidir le tacaíocht inaisíochta airgeadais do thionscal sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais mar lasachtaí Lamhálaais Aonáin Leasa Phoiblí agus cuirtear an maoiniú bainteach san áireamh sa Chuntas Réamhíocaíochtaí Stáit.

(f) An Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

Léiríonn Cuntas Réamhíocaíochtaí an Stáit airgead a réamhíocadh le Fiontraíocht Éireann agus le comhlachtaí atá ina gcliaint ag BCF/OFA mar thacaíocht airgeadais iníochta arna rangú mar lasachtaí Lamhálaais Aonáin Phoiblí.

(g) Infheistíochtaí

Infheistíochtaí Luaite

Déantar infheistíochtaí a luaitear ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir agus déantar gluaiseachtaí a thaifead tríd an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

Infheistíochtaí Eile

Déantar infheistíochtaí eile (scaireanna neamhluaite agus Nótaí ar lasachtaí In-Chomhshóite) a thomhas ag costas lúide laigí ós rud é nach féidir a luach cóir a thomhas go beacht.

Díscríobh Infheistíochtaí

Áit a bhfuil measúnú an lucht bainistíochta de luach na n-infheistíochtaí nialasach, de bharr dócmhainneachta nó eile, déantar na hinfeistíochtaí sin a dhíscríobh.

Cistí Caipiteal Síl agus Fiontar

Déantar réamhíocaíochtaí leis na cistí seo a thomhas ag an luach cóir agus déantar gnóthais agus caillteanais ar an luach cóir a thaifead tríd an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe bunaithe ar sciar inchurtha na nglansócmhainní tuairiscithe ciste ag baint úsáid as na cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí atá ar fáil. Díorthaítear na glansócmhainní ciste ó luach cóir na mbuninfheistíochtaí. Tá na treoirínte a lean na Bainisteoirí Cistí chun teacht ar luachálacha na mbuninfheistíochtaí i gcomhréir le caighdeán ábhartha chuntasaíochta gach ciste agus leis na treoirínte Idirnáisiúnta Luachála um Chaipiteal Cothromais Phríobháidigh agus Fiontair (IPEV), i gcás inarb infheidhme.

Gnóthachain agus Caillteanais

Déantar gnóthachain agus caillteanais réadaithe d'athruithe i luach infheistíochtaí a aithint sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

Comhdhlúthú

Ní léirítear comhdhlúthú de thorthaí cuideachtaí infheistiúcháin sna ráitis airgeadais. Is í tuairim Fhiontraíocht Éireann go gcruthódh a leithéid de chomhdhlúthú míthuiscint, ag féachaint do nádúr éagsúil ghnó na gcuideachtaí atá bainteach leis agus don dualgas ginearálta atá aici ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fírinneach cóir ar ghníomhaíochtaí a chuireann tionscal chun cinn.

(h) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar sócmhainní Réadmhaoin, Gléasra agus Trealaimh a shonrú ag a gcostas lúide dímeas carntha, aon fhoráil do laigí san áireamh. Cuirtear ar fáil dímeas don réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad, seachas talamh ruilse agus saothar ealaíne, ag rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne, de réir méid chothroim, thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

• Mótarfheithiclí	20% in aghaidh na bliana
• Foirgnimh	2% in aghaidh na bliana
• Athchóiriú ar Fhoirgnimh atá ann cheana	20% in aghaidh na bliana
• Feabhsúcháin Léasacha	20% in aghaidh na bliana
• Daingneáin agus Feistis	25% in aghaidh na bliana
• Ríomhairí	33% in aghaidh na bliana
• Trealamh Teicniúil	25% in aghaidh na bliana
• Talamh	0% in aghaidh na bliana
• Saothair Ealaíne	0% in aghaidh na bliana

Freagraíonn an luach iarmharach don mhéid measta a bhféadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt shócmhainne, tar éis costas measta na diúscairthe a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a bhítear ag súil leis cheana ag deireadh a saolré fhóinteach.

Déantar caiteachas ar shócmhainní le costas aonair faoin tairseach caipitlithe (€2,500) a lua sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain ina dhéantar é.

(i) Lagú sócmhainní

Déantar sócmhainní, seachas iad siúd a thomhaistear ag a luach cóir, a mheasúnú le haghaidh táscairí lagaithe ag deireadh na bliana. Má fhaightear fianaise oibiachtúil gur tharla lagú, déantar foráil lagaithe a aithint sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain.

(j) Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach

Féichiúnaithe Trádála

Soláthraítear in aghaidh fiacha amhrasacha trí bhíthin fhoráil ar leith.

(k) Sochair Scoir

Nuair a achtaíodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) 2014 (Uimh 13 de 2014) ar an 16 Iúil 2014, rinne sé foráil do dhíscaoileadh Fhorfás agus do bhunú Fhiontraíocht Éireann mar fhostaí dleathach ar leith (roimhe sin fuair Fiontraíocht Éireann foireann ar iasacht ó Fhorfás). De réir na reachtaíochta:

(i) Bhunaigh Fiontraíocht Éireann a scéim um Shochair Scoir féin (arna maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir as airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta). Chuaigh comhaltaí foirne ó Fhiontraíocht Éireann a bhí ina gcomhaltaí de scéim um Shochair Scoir Fhorfás isteach i scéim nua um Shochair Scoir Fhiontraíocht Éireann ar théarmaí aoisliúntais a bhí chomh tairbheach leo siúd a bhí acu faoi Scéim Fhorfás díreach roimh dháta an aistrithe.

(ii) Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as costais Sochar Scoir ball foirne a théann ar scor tar éis 31 Iúil 2014.

(iii) Glacann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagracht dhlíthiúil as scéimeanna um Shochair Scoir Fhorfás atá ann cheana, as pinsiníirí Fhiontraíocht Éireann agus as iarchomhaltaí foirne a bhfuil sochair choinnithe aici.

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann an Scéim Sochair Scoir do Sheirbhísí Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), scéim sochair sainithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin ar nó tar éis 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

Léiríonn costais um Shochair Scoir na sochair scoir a thuill fostaíthe agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí foirne i leith sochar scoir a chuirtear ar ais chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i leith na príomhscéime agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith na Scéime Singile. Déantar méid a fhreagraíonn don mhuirear sochar scoir a aithint mar ioncam sa mhéid is go féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh na ndeontas a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí sochar scoir a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a bhaineann le dlíteanais scéime sa Ráiteas loncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfheagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Is ionann dlíteanais Sochar Scoir agus luach faoi láthair íocaíochtaí sochar scoir amach anseo atá tuillte ag na comhaltai foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfheagrach a n-aisghabhfar i dtréimhse sa todhchaí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Déantar dlíteanais ó scéim Sochair Scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

(l) Léasanna

Léasanna oibriúcháin

Mar léasóir

Aicmítear mar léasanna oibriúcháin léasanna ina gcoinníonn Fiontraíocht Éireann na rioscaí agus na sochair úinéireachta ar fad a bheag nó a mhór tar éis an chomhaontaithe léasa. Taifeadtar suim ghlanluacha na sócmhainní léasaithe sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais agus tugtar cuntas uirthi i gcomhréir leis an bpolasaí cuntasíochta do Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Aithnítear ioncam cíosa de réir méid chothroim sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

Mar léasaí

Muirearaítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Forchoimeáda loncaim ar bhonn líne díri thar thréimhse an léasa ach amháin nuair atá méaduithe cíosa ann atá nasctha le boilsciú ginearálta ionchasach, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe seo nuair a fhabhraítear iad.

(m) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunaidh. Pléitear leis na brabúis agus na caillteanais a thagann dá bharr sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe.

(n) Breithiúnais Chriticiúla Chuntasíochta agus Príomhfhoinis an Amhrais maidir le Meastacháin

Éilíonn ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais go ndéanadh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dlíteanais, amháin ag an dáta tuairiscithe, agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana.

Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhair a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

Sócmhainní Seasta Airgeadais Neamhthrádálte - Cistí Caipiteal Síil agus Fiontair

Cinntear luach na Sócmhainní Seasta Airgeadais (Cistí Caipiteal Síil agus Fiontair) nach bhfuil á thrádáil i margai gníomhacha trí theicnící luachála a úsáid atá curtha i bhfeidhm ag na Bainisteoirí Cistí a dhéanann breithiúnas maidir le héagsúlacht modhanna a roghnú agus meastacháin bunaithe ar shonraí inbhraite agus na coinníollacha atá i bhfeidhm ag gach dáta tuairiscithe. Tá na treoirlínte a lean na Bainisteoirí Cistí chun teacht ar na luachálacha i gcomhréir le caighdeán ábhartha chuntasíochta gach ciste agus leis na treoirlínte Idirnáisiúnta Luachála um Chaipiteal Cothromais Phríobháidigh agus Fiontair (IPEV), i gcás inarb infheidhme.

Leanann Covid-19 de bheith ag cur isteach ar mhórán cuideachtaí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar fud an domhain. Léirítear leis na luachálacha a cuireadh i láthair ar an 31 Nollaig 2021 aon tionchair a bhí ag COVID-19, bunaithe ar mheasúnú is fearr an Bhainisteora Ciste agus ar an eolas a bhí ar fáil ar an dáta tuairiscithe.

Oibleagáid Sochair Scoir

Na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais (rátaí lascaíne, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis san áireamh), déantar iad a thabhairt suas chun dáta gach bliain bunaithe ar na cúinsí reatha eacnamaíocha agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí na sochar scoir agus na bpleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar thoimhdí:

- An ráta lascaíne, athruithe ar an ráta fáltas ar bhannaí ardcháilíochta corparáideacha
- Leibhéil chúitimh, cúinsí mhargadh an tsaothair sa todhchaí

Lagú Sócmhainní

Infheistíochtaí Eile

Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide lagú ag dáta na tuairiscithe. Tá táscairí an lagaithe bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe a úsáideann cuntais iniúchta nó bhainistíochta is déanaí na gcuideachtaí infheistiúcháin nó eolas gnó ábhartha eile. Má tá fianaise lagaithe ann, déantar foráil lagaithe a aithint sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe don bhliain. Áit a bhfuil fianaise ann nach mbaineann an fhoráil lagaithe a bhí ann roimhe seo le hábhar, déantar na forálacha sin a aisiompú.

Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí

Aicmítear deontais inaisíochta mar Iasachtaí Lamháltais Aonáin Leasa Phoiblí (ALP). Déantar iasachtaí Lamháltais ALP a athbhreithniú gach bliain do tháscairí lagaithe bunaithe ar stair aisíochta an deontaí agus ar thuairim an lucht bainistíochta maidir le hinbhailitheacht an fhiachais. Aithnítear foráil ar leith sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe áit a bhfuiltear in amhras faoi aisíoc an fhiachais.

2. Deontais an Oireachtais – An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Vóta 32)

Is iad seo a leanas na Deontais ón Oireachtas d’Fhiontraíocht Éireann arna vótáil ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar atá léirithe sna ráitis airgeadais:

	Nótaí	Fotheideal	2021 €’000	2020 €’000
Deontas le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Thionscal		A7.2	228,074	108,382
Deontas le haghaidh Oifigí Fiontair Áitiúla	5(a)	A8	57,971	79,388
Deontas le haghaidh Dul Chun Cinn agus Caiteachais Riaracháin		A7.1	84,829	80,208
Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil		A7.3	2,000	1,500
Deontas don Scéim Deontais Atosaithe		A7.4	-	652,000
Deontas don Scéim um Chúnaimh maidir le COVID do Ghnólaigh Beaga		A7.4	30,802	-
Clár Forbartha Eolaíochta & Teicneolaíochta		B4.1	152,057	127,293
Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha		B8	26,044	19,300
			581,777	1,068,071

Luaitear an deontas do chaiteachas Promóisin agus Riaracháin de €84.8m glan ar shochair scoir na bhfostaithe, €2.35m a seoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (i leith scéim um shochair scoir na gcomhaltaí foirne d’Fhiontraíocht Éireann) agus €0.44m a seoladh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na scéime seirbhíse singile sochar scoir).

3. Maoiniú ó Ranna Rialtais eile

	Nótaí	2021 €’000	2020 €’000
An Ciste Náisiúnta Oiliúna – (An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta) Vóta 28		3,500	3,500
Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne OFÁ – (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide) Vóta 29 Fotheideal A5		-	20,439
An Scéim Infheistíochta Caipitil Bia – (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) Vóta 30 Fotheideal C4	3(a)	-	557
Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) Vóta 11 Fotheideal B6	3(b)	-	50
		3,500	24,546

(a) An Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia

D’fhormheas an Rialtas an Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia in 2018 le go bhféadfadh an tionscal bia agus deochanna tacú le tionscnaimh i réimsí na héifeachtúlachta feabhsaithe, na táirgeachta méadaithe agus na hinfheistíochta caipitiúla. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an cistiú seo ar fáil.

(b) Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

Is ciste iomaíoch é Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do smaointí nuálacha ó eagraíochtaí seirbhíse poiblí, le maoiniú suas go €0.060m an tionscadal ar fáil. Ba cheart go mbeadh na tionscadail dírithe go mór ar thorthaí, tionchair, inscálaitheacht, inaistrítheacht agus foghlaim laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Moltar comhoibriú idir eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

4. Acmhainní Féin

Ioncam ó Dhíbhinní
 Ús i dtaobh Nótaí Iasachta In-chomhshóite
 Ioncam Iasachtaí Lamháltais Aonáin Leasa Phoiblí
 Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais
 Aisíocaíochtaí le haghaidh na Scéime Deontais Atosaithe
 Ioncam ó Tháillí
 Ioncam Cíos – Foligean Oifigí
 Ioncam Eile

Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
	4,034	2,804
	1	-
	1,342	11
	2,340	2,853
4(c)	5,893	-
4(a)	3,043	2,242
	684	667
4(b)	1,124	1,143
	18,461	9,720

I gcomhréir le polasaí cuntasáochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam ó dhíbhinní nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil, nuair is dócha go bhfaighfear í agus nuair is féidir an méid a thomhas go beacht. Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann in 2021 gur leachtaíodh/díscaoileadh 22 (2020 – 27) cuideachta go foirmeálta a raibh díbhinní gan íoc acu dar luach €1.112m (2020 - €1.443m). Mar thoradh, níl an méid seo inbhailithe.

I gcomhréir le polasaí cuntasáochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam Aisíoc Tacaíochta Airgeadais nuair is dócha go bhfaighfear an t-airgead agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais inaisíoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe ar nós leachtaithe/díscaoilte, mar a leagtar amach sa litir tairisceana. Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann in 2021 gur leachtaíodh/díscaoileadh 1 (2020 – 3) cuideachta go foirmeálta a raibh Tacaíocht Airgeadais inaisíoctha acu dar luach €0.199m (2020 – €0.083m). Mar thoradh, níl an méid seo inbhailithe.

(a) Ioncam ó Tháillí

Seirbhísí Proifisiúnta
 Ioncam ó Thionscadal Mhargaidh

	2021 €'000	2020 €'000
	2,044	1,657
	999	585
	3,043	2,242

(b) Ioncam Eile

Ranníocaíocht Eagraíochtaí Eile do na Forchostais Lárnacha
Ranníocaíocht d'Oideachas in Éirinn
Eile

	2021 €'000	2020 €'000
	96	137
	832	636
	196	370
	1,124	1,143

Is é Education in Ireland an bratbhranda faoina ndéantar earnáil ardoideachais na hÉireann agus an earnáil Bhéarla a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. I rith 2021 fuair Education in Ireland ranníocaíochtaí de €0.650m (2020 – €0.557m) ón Roinn Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ranníocaíochtaí €0.182m (2020 – €0.079m) ó institiúidí tríú leibhéal.

(c) Aisíocaíochtaí na Scéime Deontais Atosaithe

Thug na hÚdaráis Áitiúla ar ais maoiniú nár caitheadh a tháinig ón Scéim Deontais Atosaithe in 2021 dar luach €5.893m. Baineadh úsáid as na haisíocaíochtaí seo ón Scéim Deontais Atosaithe chun maoiniú a dhéanamh ar mhéid bheag de na hÚdaráis Áitiúla eile a raibh ceangaltais bainteach leis an Scéim Deontais Atosaithe acu ar luach €0.298 (Nóta 5), agus tugadh an t-iarmhéid ar ais chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar luach €5.595, (Nóta 12).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021

5. Tacaíocht Airgeadais do Thionscal

(i) Forbairt Chuideachtaí

Fostaíocht	
Tacaíocht do Shócmhainní Seasta	
Infreastruchtúr Teicneolaíochta	
Margaíocht agus Tacaíocht Aistrithe Eolais	
Féidearthacht	
Forbairt Bainistíochta agus Oiliúint	
Deontais Chomhairliúcháin	
An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú – Deontais um Plean Gnó	
An Ciste um Théarnamh a Luathú	
Scéim an Lárionaid Fiontraíochta	
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí	
Grúpaí Réigiúnacha Nuálaíochta agus Teicneolaíochtaí (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide)	

(ii) Tríú Páirtithe

Ionaid Nuálaíochta Ghnó	
Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann	
Oifigí Fiontair Áitiúla	
Scéim Deontais Atosaithe	
An Scéim um Chúnamh maidir le COVID do Ghnóilachtaí Beaga	

(iii) Forbairt Eolaíochta & Teicneolaíochta

Gníomhaíocht TF&N a athrú ó bhonn i bhFiontraíocht	
Comhoibriú idir Tionscal agus an Earnáil 3ú Leibhéal	
Poitéinseal Tráchtála Phobal Taighde na hÉireann a Réadú	
Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha	


Le muirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe

Tacaíocht Airgeadais do Thionscal arna caipitliú ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Infheistíochtaí i Scaireanna	
Nótaí ar Infheistíochtaí in Iasachtaí In-chomhshóite	
Cistí Caipiteal Síil agus Fiontair	
Iasachtaí Lamhálaí d'Aonáin Leasa Phoiblí	

Tacaíocht Airgeadais Iomlán do Thionscal

Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
	20,659	10,567
	16,664	22,644
	143	205
	14,185	14,013
	2,638	2,760
	12,811	10,028
	15,984	4,003
5(d)	46,465	29,150
5(e)	5,131	-
	1,992	2,311
	26,036	7,145
	512	1,234
	163,220	104,060
	2,200	2,200
	4,594	3,544
5(a)	60,081	102,226
5(b)	298	645,651
5(c)	21,181	-
	88,354	753,621
5(f)	38,113	30,683
5(g)	64,342	49,171
5(h)	26,161	26,719
5(i)	24,739	20,702
	153,355	127,275
	404,929	984,956
5(j)/17(c)	27,774	28,466
17(d)	8,388	4,325
17(a)	68,985	38,968
18	47,183	37,250
	557,259	1,093,965



(a) Oifigí Fiontair Áitiúla

Feidhmíonn Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁna) i ngach Údarás Áitiúil, áit a dtugann siad raon tacaíochtaí deontais agus feidhmeanna forbartha cumais don earnáil mhicrifhiontair thar ceann Fhiontraíocht Éireann. Tá ionad feabhais OFÁ ag Fiontraíocht Éireann chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá comhaontaithe idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Fiontraíocht Éireann. Is é ról an aonaid seo ná réimse tacaíochtaí a thabhairt do na OFÁna a fheabhsaíonn tionchar na OFÁna ar fhorbairt mhicrifhiontar agus gnóilachtaí beaga, ag cur lena n-éifeachtúlacht agus lena n-éifeachtacht. Cuimsíonn an tacaíocht a thugtar tacaíocht straitéiseach, riaracháin, theicniúil agus airgeadais. Bhí na OFÁna, an chéad áit don nuálaíocht, sa líne thosaigh ag tabhairt tacaíocht do ghnóilachtaí le linn ghéarchéim COVID-19. In 2020 dáileadh maoiniú breise caipitil de €59m ar OFÁna, €55m chun na scéimeanna COVID-19 seo a leanas a sholáthar: Scéim na nDearbhán Leanúnachais Ghnó, Scéim fhadaithe na nDearbhán do Thrádáil ar Líne agus an Scéim Spreagthaí do Chliant, mar aon le €4m chun éifeachtaí Brexit sa Limistéar Teorann a mhaolú.

(b) Scéim Deontais Atosaithe

Ar an 15 Bealtaine 2020, d'fhógair an Rialtas an Scéim Deontais Atosaithe. Faoi scéim sin, tugtar cúnamh deontais go díreach do mhicreaghnóilachtaí agus do ghnóilachtaí beaga chun cabhrú leo leis na costais maidir le hathoscailt agus athfhostaíocht i ndiaidh dhúnadh COVID-19. Tá an Scéim á riar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as maoirseacht ghinearálta na Scéime de réir Chinneadh an Rialtais, as athbhreithniú leanúnach na Scéime agus as maoiniú don Scéim a dháileadh ar na hÚdarais Áitiúla. Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as an maoiniú ceadaithe faoi Scéim a íoc le gach Údarás Áitiúil agus as cuntas a thabhairt ar an maoiniú i gcomhréir leis an treoirlíne íocaíochta ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as na rudaí seo a leanas, laistigh dá limistéar: na hiarratais ar fad a phróiseáil, ceaduithe íocaíochta a eisiúint agus deontais a íoc le gnóilachtaí cáilithe faoi Scéim. Dhún iarratais don Scéim Deontais Atosaithe ar an 30 Deireadh Fómhair 2020.

(c) An Scéim um Chúnamh maidir le COVID do Ghnóilachtaí Beaga

Ar an 11 Márta 2021, d'fhógair an Rialtas an Scéim um Chúnamh maidir le COVID do Ghnóilachtaí Beaga. Faoi scéim sin, tugadh tacaíocht do chuideachtaí, daoine féinfhostaithe, trádálaithe aonair nó comhpháirtíochtaí a raibh íosláimhdeachas de €50,000 acu agus nárbh fhéidir leo tacaíochtaí Rialtais eile a fháil a cuireadh i bhfeidhm chun cabhair a thabhairt do ghnóilachtaí agus oibrithe i rith na paindéime. Tá an Scéim á riar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as maoirseacht ghinearálta na Scéime de réir Chinneadh an Rialtais, as athbhreithniú leanúnach na Scéime agus as maoiniú don Scéim a dháileadh ar na hÚdarais Áitiúla. Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as an maoiniú ceadaithe faoi Scéim a íoc le gach Údarás Áitiúil agus as cuntas a thabhairt ar an maoiniú i gcomhréir leis an treoirlíne íocaíochta ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as na rudaí seo a leanas, laistigh dá limistéar: na hiarratais ar fad a phróiseáil, ceaduithe íocaíochta a eisiúint agus deontais a íoc le gnóilachtaí cáilithe faoi Scéim.

(d) An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú

In 2020 cheadaigh an Rialtas an Ciste um Fhiontraíocht a Chothú (CFC), a thacaíonn le gnóthais a raibh drochthionchair eacnamaíocha ag ráig COVID-19 orthu. Feidhmíonn an Ciste faoi Scéim ceadaithe ag an gCoimisiún AE laistigh den Chreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar ó thaobh ráig COVID-19. Lean an CIC ag feidhmiú faoi gCreat Sealadach agus ag cinntiú go mbeadh gnóilachtaí á gcothú agus iad fós inmharthana le linn, agus i ndiaidh, thionchar Covid-19. Tá sé mar aidhm ag an scéim freisin dul i ngleic le heaspa nó ganntanas leachtachta tobann agus leanúnachas gníomhaíochta eacnamaíche a chothú trí thacú le gnóthais a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu de thoradh ráig COVID-19. Íocadh €104.5m (2020 – €74.4m) ar an iomlán le cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann faoi gCiste um Fhiontraíocht a Chothú agus tá na híocaíochtaí sin curtha san áireamh sna tacaíochtaí cliant atá liostaithe sa tábla thíos:

	Áirithe sna Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Deontas um Plean Gnó	5	46,465	29,150
Infheistíochtaí i Scaireanna	17(c)	6,080	5,178
Nótaí ar Infheistíochtaí in Iasachtaí In-chomhshóite	17(d)	6,863	4,025
Réamhíocaíochtaí Inaisíochtha	18	44,884	34,141
Nótaí ar Iasachtaí	18	250	1,920
		<u>104,542</u>	<u>74,414</u>

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021



(e) An Ciste um Théarnamh a Luathú

Tugann an Ciste um Théarnamh a Luathú tacaíocht leachtachta do chuideachtaí, áit nach raibh caipiteal leordhóthanach ann, mar thoradh ar ghanntanas tobann na leachtachta nó gan í sin a bheith ar fáil de dheasca Covid-19, chun tacaíocht a thabhairt d'infheistíocht riachtanach shuntasach i bhfeabhsúcháin táirgiúlachta, forbairt acmhainne agus luathú an bhunathraithe dhigitigh thar gach gné den ghnó, Tionscal 4.0 san áireamh. Feidhmíonn an Ciste faoi Scéim ceadaithe ag an gCoimisiún AE laistigh den Chreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach.

(f) Gníomhaíocht TF&N a athrú ó bhonn i bhFiontraíocht

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Ciste T&F, ciste a chuireann tacaíocht ar fáil do thaighde, forbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta agus ghnó a bhaineann le gach céim d'fhorbairt na cuideachta; Scéim Táirgí Covid-19, scéim a éascaíonn taighde agus forbairt agus a leathnaíonn táirgeacht isteach i dtáirgí a bhaineann leis an gcoróinvíreas; agus, Bainistíocht Nuálaíochta, a thacaíonn le soláthar oiliúna agus comhairliúcháin do chuideachtaí i réimse T&F agus i mbainistíocht na nuálaíochta.

(g) Comhoibriú idir Tionscal agus an Earnáil 3ú Leibhéal

